

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2010





Chuig an Aire Sláinte agus Leanaí

Cúis áthais don Bhord a aonú tuarascáil bhliantúil déag agus a chuntais a chur faoi bhráid an Aire don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2010, faoi réir Ait 25 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.

Ár Misean

Is é ár misean sláinte agus leas tomhaltóirí a chosaint trí dheimhin a dhéanamh de go sásaíonn an bia a itear, a scaiptear, a chuirtear ar an margadh nó a tháirgtear sa Stát na caighdeáin is airde maidir le sláinteachas agus sábháilteacht bhia.

An tUasal Eamonn Ryan
Cathaoirleach

Meitheamh 2011

An tOllamh Alan Reilly
Príomhfheidhmeannach



Food Safety
AUTHORITY OF IRELAND



Clár Ábhar

Athbhreithniú ar an mBlain

leathanach 02 →

- 02 Ráiteas an Chathaoirligh
- 04 Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh
- 06 Athbhreithniú Rialála
- 14 Bainistiú Teagmhas
- 18 Eolaíocht
- 22 Cumarsáid
- 30 Bainistíocht Chorporáideach

Ár Rialachas

leathanach 34 →

- 34 Gníomhaireachtaí Oifigiúla
- 35 Struchtúr Bainistíochta
- 36 Comhaltaí an Bhoird
- 38 Comhaltaí an Choiste Eolaíoch
- 40 Comhaltaí na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia
- 41 Comhaltaí an Fhóraitm Tionscail
- 42 Ráiteas faoi Leasanna Chomhaltaí an Bhoird agus an Phríomhfheidhmeannaigh
- 43 Ráiteas faoi Leasanna Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch

Ráitis Airgeadais

leathanach 44 →

- 44 Ráitis Airgeadais



An tUasal Eamonn Ryan
Cathaoirleach

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áit lárnach ag earnáil an agraibhia i bpleananna an Rialtais maidir le téarnamh eacnamaíoch agus feictear dóibh gurb í sin a threoróidh an fás. Tá an earnáil ag brath ar an cháil idirnáisiúnta atá uirthi maidir le hardchaighdeán feabhais agus sábháilteachta, agus tá áit lárnach ag an Údarás mar rialtóir neamhspleách eolaíoch bia, maidir lena chinntiú go bhfuil muinín ag tomhaltóirí in Éirinn agus thar lear as bianna a tháirgtear sa tír seo.

Lean an tÚdarás air in 2010 ag díriú ar chomhlíonadh, agus ag an am céanna ag cabhrú le gnólachtaí bia trí chomhairle agus eolas a thabhairt dóibh faoi chur i bhfeidhm córas cuí um shábháilteachta bia. Bíonn taighde eolaíoch agus taighde an mhargaidh mar bhunsraith faoinár gcuid gníomhaíochtaí, chomh maith le suirbhéanna samplacha a úsáidtear chun monatóireacht agus seiceáil a dhéanamh ar bhianna atá ar an margadh, chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint agus eolas a bheith againn faoi na treochtaí is déanaí in earnáil an bhia.

Oibrímid i margadh domhanda, agus ar an ábhar sin tá sé ríthábhachtach go leanfaimid orainn ag tógáil ar na dlúthnaisc atá againn le gníomhaireachtaí sábháilteachta bia i ndlínsí eile, sa chaoi gur féidir faisnéis a mhalartú go tapa faoi theagmhais bhia agus leas a bhaint as dea-chleachtas. Le blianta beaga anuas, tá méadú

suntasach tagtha ar mhéid an bhia a seoltar thar teorainneacha sa chaoi gur cuireadh fad leis an slabhra bia. Sa chomhthéacs seo ní miste a lua gur ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i rith na bliana i bhfóraim na hEorpa agus i bhfóraim idirnáisiúnta faoi shábháilteacht bia. Cuid lárnach d'obair an Údaráis i 2010 ab ea oibriú i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus ag cur le measúnú riosca ar fud an AE agus le líonraí bainistíochta rioscaí.

Cúis mhór áthais ab ea an chaoi ar mholadh an tÚdarás in 2010 i dtuarascáil na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta: *An Rath a Aimsiú Athuair san Eoraip: An Dúshlán atá ann d'Institiúidí agus do Bheartas na hÉireann*. Ba é an aidhm a bhí acu ná tuairisc a thabhairt faoi thaithí na hÉireann agus faoin rannpháirtíocht athraitheach san Aontas Eorpach, agus chun saincheisteanna straitéiseacha

Oibrimid i margadh domhanda, agus ar an ábhar sin tá sé ríthábhachtach go leanfaimid orainn ag tógáil ar na dlúthnaisc atá againn le gníomhaireachtaí sábháilteachta bia i ndlínsí eile.

Moladh an tÚdarás in 2010 i dtuarascáil na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta: *An Rath a Aimsiú Athuair san Eoraip: An Dúshlán atá ann d'Institiúidí agus do Bheartais na hÉireann*

a aithint a bheidh tionchar acu ar an chaoi a úsáideann Éire a ballraíocht san Aontas Eorpach le cabhrú le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta na tíre. Moladh Éire sa tuarascáil de bharr an rath a bhí ar a beartas sábháilteachta bia agus de bharr na modheolaíochta a d'úsáid an tÚdarás (dúradh go raibh sé ar cheann de na gníomhaireachtaí ab fhéarr sa tír) ar mhaithe le baint amach cuspóirí an Aontais Eorpaigh maidir le sábháilteacht bia, agus rinneadh tagairt don chaoi ar úsáideadh meascán de reachtaíocht bhog agus de reachtaíocht cruá, chomh maith le leas a bhaint as líonrú. Dúradh freisin go raibh caighdeán idirnáisiúnta ag an Údarás ó thaobh córais chun caighdeán a cheapadh, monatóireacht a dhéanamh agus córais a athbheithniú.

Murach tréaniarrachtaí fhoirne na ngníomhaireachtaí oifigiúla a oibríonn ar conradh don Údarás ní éireodh linn an t-ardchaighdeán sin a bhaint amach a mbítear ag súil leis uainn san obair a dhéanaimid ná sna rudaí a chuirimid i gcrích. Táimid buíoch dóibh as a ngairmiúlacht agus a dtiomantas, mar aon lena gcumas freagra a thabhairt ar impleachtaí na reachtaíochta atá ag síorathrú, agus iad a chur i bhfeidhm ar an obair ardchaighdeán a dhéanann siad gach lá.

Ba mhaith liom, thar cheann an Bhoird, buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte agus Leanaí, an tUasal Mary Harney T.D., agus le foireann na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus leis an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia a thacaigh leis an Údarás ina iarrachtaí agus ina ghníomhartha i rith 2010.

Chuir mo chomhghleacaithe atá ina gComhaltaí den Bhord treoir suntasach agus comhairle saineolaíochta ar fáil don Údarás freisin agus táim buíoch díobh as ar chuir siad le treoir straitéiseach an Údaráis, agus as a dtacaíocht i rith na bliana.

Glacann beagnach 100 saineolaí eolaíochta páirt inár struchtúr comhairleach eolaíochta agus is áis luachmhar iad maidir le fhoirmliú na dtuairimí agus an cur chuige is féarr bunaithe ar na forbairtí eolaíochta is déanaí i réimse sábháilteachta bia. Tá ardmholadh agus buíochas tuilte ag gach duine acu as a gcuid ama agus as a saineolas de scoth an domhain a a chur ar fáil don Údarás ar bhonn deonach. Tá an Bord buíoch freisin as an obair thábhachtach a rinne an Chomhairle Chomhairliúcháin um Shábháilteacht Bia ag tacú le clár oibre an Údaráis. Chuir an Chomhairle infheictheacht agus soiléireacht ar fáil maidir le riachtanais na hearnála bia, go háirithe maidir le riachtanais na ngnóthas beag a mbíonn deacrachtaí acu go minic agus iad ag iarraidh a chinntiú go mbeidh rath orthu mar fhiontair.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, An tOllamh Alan Reilly as an fhís agus as an cheannaireacht a chuir sé ar fáil don eagraíocht. Tá an-bhuíochas ag dul d'fhoireann uile an Údaráis as a ndíograis, a dtiomantas agus as an obair go léir atá déanta acu, go háirithe nuair is gá d'fhoireann níos lú níos mó a dhéanamh.

Lean an tÚdarás air in 2010 agus ról ríthábhachtach aige in earnáil bhia na hÉireann, mar fhórsa tréan rialála agus mar churadh an tomhaltóra. Cuireann an chaoi a bhfuilimid ann agus an obair a dhéanaimid teachtaireacht láidir amach ar fud an domhain faoi cé chomh dáiríre is atáimid faoi mhonatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ár dtionscal bia. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh gach buntáiste is féidir a fháil le tacú le gheilleagar na hÉireann ó tá cúrsaí eacnamaíochta chomh dúshlánach anois. Is breá leis an Údarás an ról atá aige sa chomhthéacs seo agus bíonn sé ar a mhíle dícheall le cinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú mar is ceart i saol atá ag athrú i gcónaí.

An tUasal Eamonn Ryan
Cathaoirleach



An tOllamh Alan Reilly
Príomhfheidhmeannach

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá difríochtaí beaga idir tuarascáil bhliantúil an Údaráis in 2010 agus na tuarascálacha a bhí againn sna blianta roimhe seo. D'fhonn na hamlínte a chomhlíonadh a leagadh síos sa *Chód Cleachtais leasaithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009*, foilseofar tuarascáil na bliana seo gan an t-eolas mionsonraithe ba ghnáth a bheith inti faoi thorthaí na n-íniúchtaí bia a rinne gníomhaireachtaí oifigiúla a oibríonn faoi chonradh seirbhíse leis an Údarás. Tógann sé mórchuid ama na sonraí sin a thiomsú agus anailís a dhéanamh orthu. Ullmhófar tuairisc ar leith go déanach i 2011, faoi na torthaí sin agus faoin measúnú a dhéanfar ar na rialuithe oifigiúla bia.

Bhí sé beartaithe ag an Rialtas roimhe seo aon ghníomhaireacht amháin a dhéanamh den Údarás Sábháilteachta Bia, de Bhord Leigheasra na hÉireann agus den Oifig um Rialú Tobac. Chinn an Rialtas in 2010, áfach, an tÚdarás a choinneáil mar ghníomhaireacht, neamhspleách. Rinneadh an cinneadh sin tar éis do Chomhchoiste an Oireachtais um Thalmhaíocht, Iascaigh agus Bia agus don ghrúpa athbheithnithe idir-ghníomhaireachta moltaí a dhéanamh a leag béim ar a thábhachtaí is a bhí sé go mbeadh gníomhaireacht neamhspleách, náisiúnta amháin ann a bheadh tiomnaithe do shábháilteacht bia agus do chosaint tomhaltóirí. Aithníodh freisin an ról tábhachtach atá ag an Údarás maidir le comhairle eolaíochta iontaofa a sholáthar d'Airí le cabhrú le forbairt beartais sábháilteachta bia.

Bhí na deiseanna a bhí ag an Údarás in 2010 agus dúshlán a bhí le sárú aige cosúil leo siúd a bhí ag gach gníomhaireacht oifigiúil um rialú bia. Bhí níos lú baill foirne ag an Údarás de thoradh an lánchoisc náisiúnta a cuireadh ar earcaíocht san earnáil phoiblí agus bhí laghdú ar líon na gcigirí bia sna 36 gníomhaireacht a oibríonn faoi chonradh seirbhíse i fhorfheidhmiú na rialacha bia. Mar sin féin, ba mhian leis an gcigireacht náisiúnta an méid oibre céanna a dhéanamh agus leibhéal feabhaithe seirbhíse a chur ar fáil.

Cuid lárnach d'obair an Údaráis is ea a chinntiú go mbíonn cinntí faoi bhainistiú priacal bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus go bhfuil coibhneas idir forfheidhmiú na reachtaíochta bia agus an baol atá ann. Leagadh béim in 2010

ar chomhtháthú níos fearr a dhéanamh ar an gcóras náisiúnta um rialú sábháilteachta bia, agus go mbeadh chomhoibriú níos fearr ann idir na gníomhaireachtaí, sa chaoi go mbeadh níos mó comhsheasmhachta ann maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta. Chun na críche sin, rinne an tÚdarás athbheithniú i gcomhar leis an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar threoirínte maidir le iniúchadh priacal-bhunaithe a dhéanamh ar áitribh bhia, sa chaoi go bhféadfaí acmhainní a dhírú níos éifeachtaí.

Treisíodh comhar agus comhoibriú idir gníomhaireachtaí chomh maith i rith na bliana nuair a chomhoibrigh an tÚdarás le baill foirne ó ghníomhaireachtaí bia agus sláinte i bhforbairt agus i dtástáil prótacal a leagann

Díríodh in 2010 ar chomhtháthú níos fearr a dhéanamh ar an gcóras náisiúnta um rialú sábháilteacht bhia.

Mhol Comhchoiste an Oireachtais um Thalmhaíocht, Iascaigh agus Bia i ndiaidh na heachtra nuair a éillíodh bia le hábhar dé-ocsaine i mí na Nollag 2008, go n-aistreofaí freagracht maidir le rialú beatha ainmhithe chuig an Údarás.

amach na struchtúir agus na scrúithe maidir le comhordú, comhoibriú agus fheidhmiú idirghníomhaireachta chun freagra a thabhairt ar ghéarchéim bhia a bheadh baol náisiúnta nó idirnáisiúnta ag baint léi.

Ina theannta sin, mhol Comhchoiste an Oireachtais um Thalmhaíocht, Iascaigh agus Bia i ndiaidh na heachtra nuair a éillíodh bia le hábhar dé-ocsaine i mí na Nollag 2008, go n-aistreofaí freagracht as rialú beatha ainmhithe chuig an Údarás. Críochnaíodh roinnt réamhoibre in 2010 chun forléargas a fháil ar an tionscal in Éirinn agus ar réim an chreata dlíthiúil a bhaineann leis (atá ar aon dul leis an gcreat atá ann le haghaidh bia). Neartaigh an tÚdarás an comhar leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia i réimse rialuithe beatha d'ainmhithe, agus iad ag fanacht le cinntí an Rialtais faoin gceist.

Tugadh tús áite i rith 2010 freisin d'oibriú go dlúth le comhpháirtithe Eorpacha. Is é an tÚdarás ionadaí na Éireann ar Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia. Ceann de phríomhthascanna an Fóram Comhairligh is ea dlúthnasc a chruthú idir institiúidí sábháilteachta bia na mBallstát atá ag obair i réimsí measúnaithe riosca agus cumarsáide. Is é an aidhm atá leis ná uasmhéadú a dhéanamh ar chomhroinnt

faisnéise eolaíche, ionas go seachnófar tuairimí contrártha eolaíochacha agus dúbláil oibre.

AG BREATHNÚ AR AGHAIDH

Níl amhras ar bith ann ach gurb í earnáil an bhia an tionscal dúchasach is tábhachtaí in Éirinn. Aithníodh dtreoríodh an earnáil sin an téarnaimh eacnamaíoch náisiúnta le breis onnmhairithe agus deiseanna méadaithe fostaíochta. Cé gurb é príomhspríoc an Údaráis leasanna agus sláinte tomhaltóirí a chosaint, tá seachthairbhe thábhachtach á sholáthar ag an gcigireacht sábháilteachta bia. Cosnaíonn siad an clú atá ar Éirinn ar fud an domhain mar thír ina soláthraítear bia sábháilte agus cruthaíonn an clú sin poist sa bhfeirmeoireacht, agus sa tionscal talmhaíochta agus bia.

Níorbh fhiú dada an tÚdarás murach díograis agus gairmiúlacht na foirne agus an tuiscint shoiléir atá acu ar a gcuid aidhmeanna. Is iad sin an acmhainn is mó atá againn. Chomh maith leis sin, táimid faoi chomaoin ag baill foirne na ngníomhaireachtaí oifigiúla a bhfuil tiomantas agus gairmiúlacht léirithe acu san obair a dhéanann siad chun an reachtaíocht bhia a fhorfheidhmiú. Táimid thar a bheith buíoch freisin as an tacaíocht a fhaighimid ónár Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia agus dár

gCoiste Eolaíoch as an obair a dhéanann siad ag tacú le clár oibre sábháilteachta bia an Údaráis.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, T.D., agus le foireann a Roinne agus aitheantas a thabhairt dóibh as ucht na tacaíochta leanúnaí a thug siad dúinn le linn 2010. Is mór agam freisin tacaíocht Chomhaltaí an Bhoird, a chuir go mór le forbairt ár struchtúir rialachais chorparáidigh lena gcinntítear go gcuirtear córais láidre agus éifeachtacha ar bun.

Tá ról ar leith ag an Údarás mar rialtóir sábháilteachta bia. Agus muid ag tnúth le 2011, tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh ag coimeád córais rialála ar bun agus a fhorbairt a bhfuil muinín ag tomhaltóirí agus ag an earnáil bhia as agus a dtugtar aitheantas dó sa bhaile agus thar lear mar eagraíocht a bhíonn cothrom, agus cóir sna bearta a dhéanann sé.



An tOllamh Alan Reilly
Príomhfhéidhmeannach

Athbheithniú Rialála



Tá an tÚdarás freagrach as an reachtaíocht bia ar fad in Éirinn a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Comhlíonann sé an fheidhm forfheidhmiúcháin seo trí chonarthaí seirbhíse le 36 gníomhaireacht oifigiúil agus cuireann an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 bonn reachtúil faoin obair sin.

26

Cuireadh an tÚdarás ar an eolas faoi 26 ionchúiseamh rathúil a rinneadh de bharr sárúithe dlí an bhia

ISO 17025

D'éirigh le gach ceann de na saotharlanna oifigiúla atá faoi chonradh seirbhíse, agus atá páirteach i rialú bia, creidiúnú ISO 17025 a bhaint amach



Ba iad seo a leanas na gníomhaireachtaí oifigiúla a bhí ag obair faoin gcomhaontú conartha seo in 2010: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia; an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara; 31 údarás áitiúil; an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann; agus Foras na Mara. Is é ról an Údaráis chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar obair na ngníomhaireachtaí oifigiúla sin, trí na conarthaí seirbhíse, a leagann síos leibhéal comhaontaithe agus caighdeán maidir leis an obair a dhéanann na gníomhaireachtaí oifigiúla maidir le sábháilteacht bhia. Maireann na conarthaí seirbhíse sin ar feadh trí bliana ach is féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu ar iarratas an Údaráis nó na gníomhaireachta i rith an ama sin.

Tionóladh cruinnithe rialta le linn 2010 leis an lucht bainistíochta sinsearach i ngach gníomhaireacht oifigiúil agus leis na bainisteoirí líne atá freagrach as iniúchadh agus a anailísiú a sholáthar. Síniadh conradh seirbhíse níos cuimsithí in 2010 leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Tá socruithe feabhsaithe anois sa chonradh seirbhíse maidir le fógra a thabhairt faoi theagmhais agus faoi imscrúduithe a dhéanamh orthu.

Bunaíodh grúpa oibre tras-ghníomhaireachta in 2010 chun straitéis a leagan amach chun dul i ngleic le marú mídhleathach in Éirinn. Comhaontaíodh prótacal leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia go ndéanfaidh Aonad Imscrúdaithe Speisialta scrúdú ar aon tuairisc a dhéanann na gníomhaireachtaí eile faoi amhras a bheith orthu go bhfuil marú mhídhleathach á dhéanamh.

Dréachtaíodh athbhreithniú lár-téarma in 2010 faoi oibriú an chonartha seirbhíse le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tionóladh cainteanna le lucht bainistíochta sinsearach i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inmáir maidir leis an laghdú ar an leibhéal cigireachta a bhí á dhéanamh ar ghnólachtaí bia ardriosca. Leanfaidh an tÚdarás de thús áite a thabhairt do chosaint tomhaltóirí a chothabháil i rith 2011 in ainneoin na srianta reatha ar fhostaíocht san earnáil phoiblí.

Athbheithniú Rialála

324

Seirbheáladh 324 forfheidhmiúchán ar ghnóthaí bia, nuair a fuarthas go raibh an reachtaíocht maidir le sábháilteacht bhia á sárú acu.



D'fhorbair an tÚdarás treoirnóta maidir le héadulaingt glútan (céiliach) agus bianna saor ó ghlútan nó íseal i nglútan. Cuimsíonn an treoirnóta seo moltaí maidir le caighdeáin na hÉireann do leibhéil glútan i mbia atá oiriúnach do dhaoine atá éadulangach do ghlútan, agus maidir le lipéadú na mbianna sin. Tá moladh ar leith ann gur chóir treoir a fhorbairt maidir le tras-éilliú d'ionaid tionscail, lónadóireachta agus miondíola, de réir mar is infheidhme. Ina theannta sin, cuireann sé treoir ar fáil maidir leis an reachtaíocht nua Eorpach i leith comhdhéanamh agus lipéadú bia-ábhair atá oiriúnach do dhaoine atá éadulangach ar ghlútan. Sa ghrianghraf ag seoladh an treoirnóta, (ó chlé go deis): An tUasal Vanessa Cooling, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Dr Emer O'Reilly, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.



Cuireadh síneadh in 2010 leis an tréimhse a mhairfidh na conarthaí seirbhíse leis na húdaráis áitiúla, le Foras na Mara agus agus le hÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, agus ag an am céanna cuireadh tús le forbairt conarthaí seirbhíse nua leis na gníomhaireachtaí sin. Cuireadh tú le cainteanna i rith na bliana leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann chun dul i mbun clár rialaithe faoi tháirgeadh agus dháileadh ábhar a bhíonn i dteagmháil le bia. Beidh rialacháin níos éifeachtaí ann dá bharr sin sa chuid seo den slabhra bia. Thoiligh na húdaráis áitiúla socruithe foirmiúla leis na húdaráis áitiúla in aice leo a chur sna conarthaí seirbhíse nua, sa chaoi go gcuirfidh siad clúdach ar fáil dá chéile. Cuirfidh sé sin feabhas ar leanúnachas na seirbhíse a chuirfear ar fáil le linn tréimhsí saoire.

D'oibrigh an tÚdarás go dlúth le seirbhís tréidliachta na n-údaráis áitiúil in 2010 le cinntiú go gcuirfear rialacháin shábháilteachta bia i bhfeidhm i gcás próiseálaithe mionscála éanlaithe clóis. Ó tugadh isteach an reachtaíocht nua a rialaíonn siopaí búistéara, tá socruithe á ndéanamh freisin an freagracht a aistriú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chuig na húdaráis áitiúla maidir leis na siopaí búistéara sin a dhíolann do chustaiméirí eile seachas lucht miondíola agus nach féidir leo leas a bhaint as an díolúine a bhfuil foráil faoi sa reachtaíocht nua. Táthar ag súil go gcuirfear tús le haistriú na seirbhíse cigireachta in 2011.

D'éirigh le gach ceann de na saotharlanna oifigiúla atá faoi chonradh seirbhíse, agus a bhfuil baint acu le rialú bia, creidiúnú ISO 17025 a bhaint amach Tá Éire anois ag cloí go hiomlán le ceanglais an AE sa réimse seo.

Síníodh Meabhrán Tuisceana nua le Seirbhís Custaim agus Máil na gCoimisinéirí loncaim i rith na bliana. Cinnteoidh sé seo go mbeidh comhoibriú níos fearr ann maidir le rialú bianna allmhairithe.

Tá Plean Ilbhliantúil Rialaithe Náisiúnta i bhfeidhm in Éirinn, a chlúdaíonn an tréimhse 2007-2011. Clúdaíonn sé rialuithe ar bhia; ar bheatha; ar leas ainmhithe agus; ar shláinte ainmhithe agus plandaí, agus ullmhaíodh é i gcomhar leis an

Údarás agus leis an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia. Ullmhaíodh tuarascáil in 2010 ar oibriú an phlean in 2009 agus cuireadh é faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh í faoi mar a éilítear.

INIÚCHTAÍ

D'fhonn éifeachtacht agus oiriúnacht rialuithe oifigiúla a chinntiú maidir le reachtaíocht ábhartha, déanann an tÚdarás iniúchtaí ar a ghníomhaireachtaí oifigiúla. Le linn 2010, rinne an tÚdarás iniúchtaí oifigiúla rialaithe ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta i gcás uisce buidéalaithe; faoi na rialuithe a chuirtear i bhfeidhm ar mhonaróirí a ullmhaíonn bia réidh le hithe; agus ar ghnóthaí bia ard-riosca. Rinne sé iniúchtaí oifigiúla rialaithe freisin ar an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta faoi ábhar priacail sonraithé; agus oibríochtaí bia muc.

Sa bhreis air sin, tríd an Oifig Bia agus Tréidliachta, ní mór don Choimisiún Eorpach iniúchtaí a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go bhfuil na Ballstáit go léir ag cloí le rialúcháin áirithe. Le linn 2010, chuir an Oifig Bia agus Tréidliachta bailchríoch ar ceithre mhisean go hÉirinn, eadhon: obair leantach ginearálta ar an bplean rialaithe náisiúnta; seachtháirgí ainmhithe; lipéadú agus inrianaitheacht mairteola; agus clár díothaithe na heitinne buaibhí. Aithníodh aon ghníomhartha ceartaitheacha a bhí riachtanach i ndiaidh gach misean díobh agus cuireadh plean gníomhaíochta faoi bhráid an Choimisiúin.

I mí na Samhna 2010, d'fhoilsigh an Oifig Bia agus Tréidliachta tuarascáil faoin stádas reatha maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn faoi chur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh sí le linn a misean go léir go hÉirinn sa tréimhse 1999-2009. Dúradh sa tuarascáil go ndearnadh 221 moladh agus gur déileáladh go sásúil leis an gcuid ba mhó díobh, go rabhthas ag déileáil le líon beag díobh fós agus nach raibh ach ceithre mholadh ann ar ghá beart a dhéanamh fúthu fós. Baineann na ceithre cinn sin le seachtháirgí ainmhithe nó sláinte plandaí agus leas ainmhithe. Is í an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia a bhíonn ag déileáil leo agus tá siad lasmuigh de théarmaí tagartha an Údaráis.


FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Tá an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, ar cheann de na píosaí reachtaíochta trína dtugtar cumhacht d'oifigigh údaraithe cigireacht a dhéanamh ar ghnóthaí bia maidir le reachtaíocht um shábháilteacht bhia a chomhlíonadh. Faoin Acht seo, féadfaidh oifigigh údaraithe, i gcúinsí go bhfuil baol ann do shláinte an phobail, aon cheann díobh seo a leanas a sheirbheáil – Fógra Feabhsúcháin (lena n-ordaítear gur gá obair feabhsúcháin a dhéanamh), Ordú Feabhsúcháin (eisishe ag an gcúirt dúiche toisc nár comhlíonadh Fógra Feabhsúcháin), Ordú Dúnta (lena ndúntar gnó), nó, go hannamh, Ordú Toirmisc (lena gcuirtear srianta nó cosc ar an mbia a úsáid). Tugadh cumhachtaí breise le linn 2010 d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freisin, faoi Rialacháin an CE (Rialú Oifigiúil Bia-ábhar) (I.R. Uimh. 117 de 2010) chun Orduithe Dúnta nó Orduithe Toirmisc a sheirbheáil de bharr neamhchomhlíonadh na reachtaíochta bia. Rinne na gníomhaireachtaí oifigiúla bearta forfheidhmithe faoi reachtaíocht eile bia.

Seirbheáladh 324 fógra forfheidhmiúcháin ar ghnóthaí bia in 2010, nuair a fuarthas go raibh an reachtaíocht maidir le sábháilteacht bhia á sárú acu. Ba laghdú beag é sin i gcomparáid leis an 327 fógra fhorfheidhmiúchán a seirbheáladh in 2009. Ba iad Fógraí Feabhsúcháin a bhí sa chuid is mó (251) de na hordaithe forfheidhmiúcháin a seirbheáladh in 2010. Ba iad Orduithe Dúnta (57), Orduithe Toirmisc (12) agus Orduithe Feabhsúcháin (4) a bhí sa chuid eile. Leanadh treocht na mblianta roimhe arís in 2010 nuair a seirbheáladh an chuid is mó de na hOrduithe Dúnta (79%) san earnáil seirbhíse, go háirithe ar bhialanna nó cheaintíní, arbh ionann iad agus 35% de na gnóthaí go léir ar seirbheáladh Orduithe Dúnta orthu. Ó 2006 i leith, seirbheáladh 1,292 Fógra Feabhsúcháin, 189 Ordú Dúnta, 50 Ordú Toirmisc agus 30 Ordú Feabhsúcháin ar ghnóthais bhia faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. I gcás gach cineál forfheidhmiúcháin, san earnáil seirbhíse a seirbheáladh an chuid ba mhó díobh, agus san earnáil miondíola a seirbheáladh an dara líon ba mhó díobh.

Athbheithniú Rialála

Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh, 2006-2010




Orduithe Dúnta a Seirbheáladh faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann in 2010

Catagóir	Cineál Gnó	Ordú Dúnta
Monaróir	Bácús: Táirgí plúir amháin	1
Ag Díol go Díreach		
Monaróir/Pacálaí	Milseogra lena n-áirítear bÁCús	1
Miondíoltóirí	Anaithnid (P)	1
Príomhúla	Búistéir I (Amh & Réidh le hithe)	1
	Búistéir II (Feoil amh amháin)	3
	Ceannaí éisc 2: Táirgí Measctha	1
	Siopa Grósaera	2
	Ollmhargadh	2
Earnáil Seirbhísí	Stainnín bia: Lónadóir	2
	Stainnín Bia: veain sceallóga	2
	Stainnín bia: Bia Eitneach	5
	Stainnín bia: Uachtar reoite	1
	Óstán	4
	Teach Tábhairne 1: a Sholáthraíonn Bia	2
	Bialann/Ceaintín	20
	Beir Leat	9
		57

IONCHÚSIMH

Tá scéalta faoi ionchúsimh rathúla á bhfoilsíú ar láithreán Gréasáin an Údaráis ó 2009 i leith. Cuireadh an tÚdarás ar an eolas in 2010 faoi 26 ionchúiseamh rathúil a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de bharr sárúithe dlí an bhia. Tá sé seo a dhá oiread níos airde ná líon na bliana 2009 (13).

Ionchúsimh de réir Cineáil Ghnó in 2010 (26 san Iomlán)



Déantúsóir ag Díol go Díreach	4%
Déantúsóir/Pacálaí	4%
Miondíoltóirí	27%
Earnáil Seirbhísí	65%

MONATÓIREACHT

Leanadh de mhonatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht bhia i mbiashlabhra na hÉireann in 2010. Tá cláir fhairsting mhonatóireachta bia curtha i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí oifigiúla. Forbraítear na cláir sin gach bliain i gcomhar leis an Údarás agus foilsítear tuarascálacha ar leith fúthu. Foilsíodh tuarascálacha le linn 2010 faoi: lamháitais i lipéadú cothaitheach; clóraprópánóil in anlann soighe; miotail throma i bhforlíontaí bia; agus truailléin orgánacha mharthanacha i bhfeoil, uibheacha, iasc agus bainne.

Rinneadh roinnt suirbhéanna eile i rith na bliana chomh maith, ceann amháin, mar shampla, a bhain le hailléirginí; ceann eile faoi uisce buidéalaithe; agus ceann eile fós faoi chnónna agus shíolta, ach de bharr méid na sonraí a bhí le tiomsú agus na hanailíse a bhí le déanamh orthu, ní chríochnófar na tuarascálacha agus ní foilseofar iad go dtí 2011. Mar sin féin, déantar gníomh leantach nuair is

gá sin chun tomhaltóirí a chosaint a luaithe is a bhíonn torthaí na n-anailísí saotharlainne ar fáil.

Suirbhé ar Speicis *Campalabaictéir* ar Phacáistíocht Sicíní

In 2010, d'fhoilsigh an tÚdarás torthaí an suirbhé náisiúnta a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte inar scrúdaíodh leitheadúlacht *Campalabaictéir* ar dhromchla pacáistíochta sicín a dhíoltar i asraonta miondíola na hÉireann. Meastar ar fud an domhain gurb í láimhseáil agus ullmhú sicín agus tomhailt fheoil sicín nach bhfuil cócaráilte go maith is cúis le thart ar 30% de chásanna *Campalabaictéir* i ndaoine. Is é *campalabaictéar* an phríomhchúis ghaistreintríteis anois in Éirinn agus tuairiscíodh 1808 cás *campalabaictéaróise* i 2009. Léiríonn na sonraí sealadacha do 2010 gur tuairiscíodh 1666 cás.

Fuarthas amach sa suirbhé go raibh 13.2% de dhromchlaí seachtrach na pacáistíochta sicín éillithe agus 10.9% de dhromchla caibinéid taispeána miondíola éillithe le speiceas *Campalabaictéir*. Scrúdaíodh 785 sampla de dhromchlaí pacáistíochta agus 785 sampla de dhromchlaí caibinéid taispeána miondíola agus léirigh torthaí an tsuirbhé, gur féidir tras-éilliú ó sicín amh tarlú más féidir le súnna feola sceitheadh amach tríd an bpacáistíocht. Fuarthas sa tsuirbhé go raibh níos lú éillithe (2.1%) ar dhromchla seachtrach na pacáistíochta sin a bhí deartha chun sceitheadh a chosc, i gcomparáid leis an pacáistiú traidisiúnta (18.9%), nuair a filltear plaisteach timpeall ar thráidire agus séalaítear é thíos faoi. Bíonn seans níos mó ann sna cásanna sin go sceithfidh na súnna.

Rinneadh roinnt moltaí de thoradh an tsuirbhé seo agus cuireadh cuireadh faoi bhráid Fhóram Miondíola an Údaráis iad. Ar na moltaí bhí: gur cheart do mhiondíoltóirí cearca a fháil i phacáistíocht sceithdhíonach; gur cheart na táirgí a chur ar taispeáin agus iad leibhéalta agus ní ina seasamh in airde ar a n-imill; go ndéanfaí na caibinéid taispeána a ghlanadh agus a dhíghalrú go rialta; go mb'fhéidir go mbeadh málaí plaisteacha ag caibinéid ina dtaispeántar feoil éanlaithe; go mbeadh treoracha soiléire faoi láimhseáil agus chócaráil le feiceáil go soiléir ar an taobh amuigh den phacáistíocht; agus nár chóir lipéid a chur ar éin iomlána ag moladh do thomhaltóirí iad a ní.



D'fhoilsigh an tÚdarás treoir chuimsitheach i leith dlí faoi bhia chun cabhrú le táirgeoirí beaga bia agus ceardaithe bia a bhunaigh gnó bia nua nó atá ag pleanáil gnó bia nua a bhunú. Foilsíodh an *Guide to Food Law for Artisan/Small Food Producers Starting a New Business* tráth a raibh líne comhairle an Údaráis ag tabhairt méadú suntasach faoi deara i bhfiosrúcháin ón bpobal i gcoitinne maidir le gnó bia nua a thosú. Cuireann an Treoir sonraí ar fáil maidir leis na ceanglais dhlíthiúla riachtanacha chomh maith le comhairle maidir le gnó bia a bhunú. Cuimsíonn sé clárú agus ceadú, bainistíocht sábháilteachta bia agus córais inrianaitheachta, oiliúint do fhoireann a láimhseálann bia agus comhlíonadh dlí faoi bhia. Sa ghrianghraf ag seoladh na treorach (ó chlé go deis): An tUasal Helen Crowley, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Dr Judith O'Connor, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.



Rinne an Údarás óstáil ar sheimineár chun plé a dhéanamh ar úsáid agus ar rialú bhreiseáin bia. Cuireadh doiciméad treorach ar fáil do thionscal an bhia agus d'oifigigh fortheidhmiúcháin maidir leis an reachtaíocht nua ar bhreiseáin i mbia in Éirinn. Rinne an seimineár cur síos ar an bpróiseas a bhaineann le measúnú riosca agus le húdarú breiseáin bia agus sholáthar sé faisnéis maidir leis an obair atá ar siúl chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid breiseáin i mbianna in Éirinn. Cuireann sé léargas ginearálta ar fáil maidir le paraiméadair reachtacha a ndáil le lipéadú sa réimse seo. Le feiceáil ag an seimineár (ó chlé go deis), tá: an tUasal Joy Hardinge, AJH Consulting, an Ríocht Aontaithe; an Dr Iona Pratt, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an Dr Rhodri Evans, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus Dr Aine Hearty, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Athbheithniú Rialála

Rinneadh an suirbhé i rith an ama sin a raibh staidéar bunlíne ar siúl ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia faoi champalabaictéar i sicíní sna Ballstáit éagsúla, nuair a fuarthas amach go raibh 83% de sicíní na hÉireann a cuireadh lena marú éilithe agus go raibh 98% de na conablaigh éilithe. Léirigh an dá staidéar géarghá clár náisiúnta rialaithe campalabaictéir a chur i bhfeidhm ar tháirgeadh feoil sicín. Tugadh an obair seo do Choiste Eolaíoch an Údaráis, agus foilseofar a mholtaí seo in 2011.

Suirbhé ar Cheapairí Réamhphacáistithe

D'fhoilsigh an tÚdarás torthaí suirbhé chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht mhicribhitheolaíoch cheapairí réamhphacáistithe in 2010 agus fuarthas go raibh 99% sásúil nuair a rinneadh tástáil orthu don bhaictéar bia-iompartha *Listeria monocytogenes* agus do stafalacocais téachtáis-deimhneach. Cúis inní a bhí ann, áfach, go raibh 29% de na cheapairí a tástáladh á stóráil nó ar taispeáint ag teocht níos airde ná 5°C. Fuarthas sa staidéar go raibh ceithre den cúig cheapaire a bhí rangaithe míshásúil nó doghlactha/in-ghuaiseach, á stóráil ag teocht os cionn 8°C, le cheapaire amháin á thaispeáint taobh amuigh de chuisneoir ag 17.9°C. I gcás trí cinn de na cheapairí seo, bhí ar a laghad lá amháin fanta go dtí go mbeadh an dáta faoinar cheart é a úsáid éagtha, rud a d'fhág go mbeadh deis ag níos mó fós baictéir fás orthu.

Sa staidéar seo, rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tástáil ar 948 cheapaire réamhphacáistithe ó mhiondíoltóirí agus ó lónadóirí ar fud na tíre. Fuarthas go raibh beagnach gach ceann de na cheapairí réamhphacáistithe seo (99%) lipéadaithe i gceart leis an dáta faoinar cheart é a úsáid, mar a éilítear faoin dlí. Tugadh dhá shaincheist sábháilteachta bia faoi deara, áfach - bhí an dáta faoinar cheart é a úsáid éagtha i gcás líon beag (1%) de na cheapairí a bailíodh agus d'fhéadfadh sé go raibh an seilfré a tugadh do roinnt cheapairí rófhada.

Tháinig roinnt moltaí maidir le cheapairí réidh le n-ithe do mhiondíoltóirí, do dhéantúsóirí, agus do lónadóirí as an suirbhé seo, mar shampla: ba chóir iad a stóráil nó a thaispeáint ag $\leq 5\text{°C}$; níor chóir iad a dhíol nuair

a théann an dáta faoinar cheart iad a úsáid in éag; ba chóir seilfré cruinn agus réalaíoch a chur i bhfeidhm; rialú leanúnach *L. monocytogenes*; agus ba chóir d'ionaid a fhreastalaíonn ar aosaigh a chinntiú go gcosnaíonn siad daoine leochaileacha ón mbaol seo.

Suirbhé ar Fhilléid Sicín Scaoilte

I rith na bliana, d'fhoilsigh an tÚdarás torthaí suirbhé ar chaighdeán micribhitheolaíoch filléid sicín amh arna ndáileadh ar bhúistéirí i bpacáistí toirte sruthlaithe le gás agus arna ndíol i bhfoirm scaoilte leis an tomhaltóir ina dhiaidh sin. Cé go bhfuair an suirbhé go raibh formhór na mbúistéirí (92%) ag stóráil filléid sicín ag an teocht a mholtar de 5°C nó níos ísle; níor chuir 8% dáta faoinar cheart é a úsáid ar fáil mar a éilítear sa dlí; agus chuir 23% dáta ar fáil nach raibh aon bhunús acu leis. Lena chois sin, chuir ar a laghad 23% de bhúistéirí dáta faoinar cheart é a úsáid ar fáil a bhí rófhada go réalaíoch chun nach mbeadh an táirge imithe go dona i gcuisneoir an tomhaltóra.


Den 138 sampla a tástáladh, bhí 15% míshásúil ó thaobh an chomhairimh coilíneachtaí aeróbacha, agus bhí 8% díobh míshásúil ó thaobh *Pseudomonas* spp. ag an díolphointe. Léiríonn na torthaí seo go bhféadfadh na filléid sicín atá i gceist a bheith ina gcúis inní ó thaobh milleadh de seachas ó thaobh sábháilteachta bia do thomhaltóirí. Ós rud é go bhféadfadh tomhaltóirí na filléid sicín sin a stóráil sa chuisneoir sa bhaile ansin, tá dóchúlacht láidir ann go léireodh cuid de na filléid seo comharthaí de mhilleadh fisiciúil, ar nós boladh, blas nó cuma, nuair a bheadh tomhaltóirí chun iad a ullmhú agus a chócaireacht.

Tugann Bileog Eolais an Údaráis: *Retail Display of Poultry from Opened Gas Flushed Packs* treoir maidir le dea-chleachtas ó thaobh pacáistí sruthlaithe le gás a oscailt, teocht stórála, agus dátaí faoinar cheart é a úsáid a shocrú.

BIA IONRADAITHE

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le bia ionradaithe. In 2010, níor bhrath anailís a rinneadh i saotharlanna an anailísí phoiblí aon chomhábhair bia ionradaithe san 208 bia a sampláladh.

Bianna a ndearnadh Tástáil orthu i gcomhair Ionradaíochta i Saotharlanna an Anailísí Phoiblí in 2010



Luibheanna	52
Spíosraí	86
Luibheanna agus Spíosraí	16
Taenna Luibhe	7
Síolta	6
Cnónna	3
Forbhianna	7
Vitimíní agus Forbhianna	29
PARNUTS ^a	1
Eile (Feamainn)	1
Iomlán	208

a: Bianna a úsáidtear ar chúiseanna áirithe cothaitheacha

BIA GÉINATHRAITHE

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le bia géinathraithe. Le cabhair ó Fhochoiste na nOrgánach Géinathraithe, rinne an tÚdarás athbhreithniú in 2010 ar mheasúnuithe sábháilteachta a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia ar seacht gcomhábhar bia ghéinathraithe. Déanann Saotharlann an Anailísí Phoiblí i gCorcaigh anailís ghnáthaimh ar na samplaí bia a bhailíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le seiceáil an bhfuil comhábhar bia grán buí, soighe, agus rís géinathraithe iontu. As an 66 earraí bia a ndearnadh anailís orthu in 2010, fuarthas amach go raibh soighe géinathraithe in ceithre cinn acu, ceann amháin acu sin níos airde ná an tairseach lipéadaithe, 0.9%. Baineadh an ceann sin den mhargadh, os rud é nach raibh lipéadú cuí air. Níor tugadh aon chomhábhair grán buí géinathraithe ná rís géinathraithe in aon cheann de na samplaí a tástáladh.

NUABHIA

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil atá freagrach as nuabhianna nach raibh ar mhargadh an AE roimh 1997. Le cabhair ón bhFochoiste Cothaithe agus Nuabhianna, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar mheasúnuithe sábháilteachta ar dheich nuabhia in 2010, is iad sin: guma guair; lachtaifeirin buaibheach; fosfailipid atá saibhir in phosphatidylserine; mil le nimh beach ann; agus úsc coirte magnóilia. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás measúnú sábháilteachta ar chomhábhar nua amháin: cyclodextrin gáma agus sholáthar sé tuairimí coibhéis shubstaintiúil, inar measadh go raibh táirgí nua comhionann go substaintiúil le táirgí a bhí ar mhargadh an AE cheana féin, maidir le: laíon torthaí triomaithe baobab; síol chia agus; vitimín K2.

FORBHIANNA, RÉIMBHIANNA PARNUTS AGUS BIANNA CHUN CRÍCHE SPEISIALTA MÍOCHAIINE

Faoin reachtaíocht maidir le forbhianna, caithfidh oibreoirí gnó bia a chur in iúl don Údarás go bhfuil sé ar intinn acu forbhia a chur ar mhargadh na hÉireann den chéad uair. Sa bhliain 2010, tugadh fógra don Údarás faoi 645 forbhia trí fhoirm fógra ar líne nua. Fuair an tÚdarás 29 fógra mar gheall ar réimbhianna PARNUTS ginearálta (bianna a úsáidtear ar chúiseanna cothaithe áirithe) agus naoi bhfógra mar gheall ar bhianna chun críche áirithe míochaine. Faoin nós imeachta fógartha, caithfidh oibreoir an ghnó bia foirm fhógra chomhlánaithe, lipéad an táirge agus faisnéis bhreise ar bith eile a chur faoi bhráid an Údarás i gcomhair measúnaithe. Déantar measúnú ansin ar cibé an bhfuil an bia ag comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha nó nach bhfuil.

TEASTAIS ONNMHAIRTHE

Tá seirbhís á chur ar fáil ag an Údarás le fada d'oibreoirí gnó bia, trína soláthraítear teastais onnmhairithe do bhianna nach de bhunús ainmhíoch iad arna dtrádáil lasmuigh den Aontas Eorpach. In 2010, eisíodh níos mó ná 4,500 teastas: Rinneadh athbhreithniú freisin ar an bprótocal ar a mbunaítear na teastais seo.

Bainistiú Teagmhas



Is é an tÚdarás an lárphointe náisiúnta rialaithe i gcomhair faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le teagmhais agus rabhaidh bhia agus cuireann sé seirbhís éigeandála ar fáil de ló is d'óiche seacht lá na seachtaine. Is é an tÚdarás pointe teagmhála na hÉireann freisin don Chóras Mear-rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe.

354

Láimhseáil an tÚdarás 354 teagmhas bia in 2010, méadú 19% ar 2009.

128

Rinne an Údarás iniúchadh ar 128 eachtra iomlán in 2010, méadú de 30 ar 2009.




TEAGMHAIS BHIA

D'fhéadfadh teagmhais bhia a eascairt as fadhb a aithníonn gnó bia, gníomhaireacht oifigiúil agus í i mbun rialuithe oifigiúla, nó as faisnéis a fhaightear ó thíortha eile, de ghnáth tríd an gCóras Mearr-bhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe.

Láimhseáil an tÚdarás 354 teagmhas bia in 2010, méadú 19% ar an líon teagmhais in 2009. Rinneadh na teagmhais a aicmiú mar seo a leanas: teagmhais iomlána, teagmhais bheaga agus ilchineálacha, fógraí ó lucht tionscail, agus teagmhais le tíortha eile. Rinne an Údarás iniúchadh ar 128 eachtra iomlán in 2010, méadú de 30, i gcomparáid le 2009. Bhain an chuid is mó de na teagmhais iomlána (34%) le guaiseacha micribhitheolaíocha agus ba guaiseacha ceimiceacha (miceatocsainí agus guaiseacha ceimiceacha eile) ba chúis le 29% de na guaiseacha, rud nach raibh fíor sna blianta roimhe sin. Ba theagmhais a bhain le hailléirgin bhia ab ea 16% de na teagmhais bhia in 2010, i gcomparáid le 12% in 2009.

Aicmiú na dTeagmhas Iomlán Bia in 2010 (128 san iomlán)



■ Micribhitheolaíoch	34%
■ Lipéadú agus Pacáistiú	3%
■ Orgánaigh ghéinmhodhnaithe (GMO) agus Nuabhianna	7%
■ Miceatocsainí	6%
■ Ceimiceach Eile	23%
■ Earra Coimhthíoch	6%
■ Ailléirgin	16%
■ Tachtach	2%
■ Calaois	1%

Bainistiú Teagmhas



Bhí seimineár ag siúl ag an tÚdarás inar fógraíodh sonraí maidir le rialuithe nua arna dtabhairt isteach in 2011 do sholáthraithe agus d'úsáideoirí phacáistíú bia. Is iondúil go mbíonn pacáistíú bia bainteach le bia a chosaint ó thruailliú, ach amanna is féidir le pacáistíú bia é féin substaintí nach dteastaíonn a chur isteach i mbianna. Chuala lucht freastail an tseimineáir go bhfuil plé idir lámha faoi láthair le hÚdarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann maidir le tabhairt faoi chlár rialúcháin chun seiceáil go bhfuil déantúsóirí agus soláthróirí pacáistíochta in Éirinn ag cloí le reachtaíocht. Bheadh sé seo ag tarlú anuas ar an reachtaíocht agus na treoirlínte reatha atá i bhfeidhm maidir le ábhair teagmhála bia. Beidh sé seo sa bhreis ar na seiceálacha a bhíonn ar siúl i gcuideachtaí bia.

Rinneadh imscrúdú ar 165 teagmhas beag agus ilchineálach in 2010. Is méadú 33% é seo ar an 120 a taifeadadh in 2009. Lena chois sin, rinne an tÚdarás bainistíocht ar 60 teagmhas bia le tíortha eile (bhain an chuid ba mhó acusan leis an Ríocht Aontaithe), agus fuarthas fógra amháin faoi theagmhas bia ó thionscal an bhia.

RABHAIDH NÁISIÚNTA BHIA

Ní mór faisnéise faoi leith a thabhairt do ghníomhaireachtaí oifigiúla, do thionscal an bhia nó do thomhaltóirí i gcás roinnt teagmhais bhia. Eisítear rabhaidh de Chatagóir 1 (chun go ndéanfar beart) nuair a aithnítear go bhfuil baol ann do thomhaltóirí ar gá beart a dhéanamh faoi. Eisítear rabhaidh de Chatagóir 2 (i gcomhair faisnéise) nuair nach gá beart a dhéanamh ach go bhfuil faisnéis ag teastáil. Is minic a eisítear iad nuair a bhíonn na táirgí go léir aisghairthe ag an oibreoir gnó.

D'eisigh an tÚdarás 29 rabhadh bia i gcaitheamh 2010: sé rabhadh de Chatagóir 1 agus 23 rabhadh de Chatagóir 2. As an sé rabhadh bia a raibh beart le déanamh ina leith, ba aisghairm mar thoradh ar *Salmonella* a bheith i láthair i siól seasamain a bhí i bpéire acu; bhain péire le hiasc deataithe a táirgeadh in áitreabh neamhcheadaithe i dTuaisceart Éireann; ba aisghairm mar thoradh ar *L. monocytogenes* a bheith i láthair in ispín Polainneach a bhí i gceann amháin; agus bhí ceann mar thoradh ar láithreacht iaidín i mbainne soighe ón tSeapáin. Foilsítear na rabhaidh bia go léir ar láithreán gréasáin an Údaráis agus seoltar fógra ríomhphoist chuig síntiúsóirí ar líne.

I mí Eanáir 2010, sheol an tÚdarás seirbhís nua do thomhaltóirí nua i ndáil le foláireamh ailléirgin bia. Is fógraí a eisíonn an tÚdarás maidir leis an riosca a d'fhéadfadh baint do dhaoine le hailléirge do bhia ó bhia áirithe iad foláirimh ailléirgine bia. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar thoradh ar lipéadú ailléirgine neamhleor nó mícheart, éilliú de thaisme nó ar chúis

165

Rinneadh imscrúdú ar 165 teagmhas beag agus ilchineálach in 2010.

29

D'eisigh an tÚdarás 29 rabhadh bia i rith 2010

eile. Is féidir le tomhaltóirí liostáil, trí shuíomh gréasáin an Údarás, le seirbhís téacstheachtaireachtaí agus teachtaireachtaí ríomhphoist saor in aisce a chuireann ar an eolas iad maidir le bianna atá baolach dóibh siúd atá íogair do ailléirginí. Is léir go bhfuil gá leis an gcatagóir ar leith seo de rabhaidh bia sa mhéid is gur fhoilsigh an tÚdarás 20 rabhadh ailléirgine bia in 2010. Bhain siad seo le 19 táirgí (bhain dhá rabhadh leis an táirge céanna), lena n-áirítear cúig tháirge rísín íogair ina raibh ubh i láthair gan é a bheith inste, agus ceithre tháirge ispíní ina raibh dé-ocsaíd sulfair i láthair gan é a bheith inste.

AN CÓRAS MEAR-RABHAIDH EORPACH UM BIA DON DUINE AGUS D'AINMHITHE

D'eisigh an tÚdarás 1,784 fógra margaidh in 2010 trí Chóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe Choimisiún na hEorpa. Córas fógartha is ea é sin faoi bhainistíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun faisnéis a mhalartú idir Bhallstáit faoi ghuaiseacha i mbia do dhaoine agus d'ainmhithe agus in ábhair a dhéanann teagmháil le bia. Bhain 35 de na fógraí margaidh a d'eisigh an tÚdarás le bia agus le hábhair a dhéanann teagmháil le bia a dáileadh ar Éirinn nó as Éirinn. Ba í Éire an tír thionscnaimh do na táirgí i gcás 25 fhógra margaidh a eisíodh tríd an gcóras in 2010.

RÁIGEANNA GALAR BIA-IOMPARTHA

Oibríonn an tÚdarás i ndlúth-chomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus leis an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte nuair a mheastar go bhfuil briseadh amach galair bhia-iompartha ann. Is é an Lárionad atá gafa le faireachas agus iniúchadh eipidéimeolaíoch a dhéanamh ar ghalair ionfhabhtaíochta.

Cuireann sonraí coinníollacha in iúl go raibh dhá bhriseadh amach déag ann a bhain le bia in 2010. Bhí seacht gcinn acu seo nasctha le *Salmonella* spp.; bhí trí cinn nasctha leis an séiritíopa Typhimurium

serotype; bhí ceann amháin nasctha le Enteritidis; bhí ceann amháin nasctha le Typhi; agus bhí séiritíopa amháin neamhshonraithe ann. Bhí dhá bhriseadh amach spéisiúil ann, a bhain le *S. Typhimurium* DT8 in uibheacha lachan agus *S. Typhimurium* DT104 i mbainne déirí amh. Bhí 32 cás dearbhaithe agus cás amháin amhrasta ann a nasctha leis an mbriseadh amach *S. Typhimurium* DT8 a bhain le huibheacha lachan. Glacadh 18 duine díobh seo isteach san ospidéal le haghaidh cóireála. Dhearbhaigh tíopáil móilíneach go raibh na haonraíochta daonna agus ainmí do-aitheanta (clónach) agus cuireadh sraith bearta rialaithe i bhfeidhm. Go háirithe, shínigh an tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia reachtaíocht nua isteach sa dlí, a leagann síos bonn dlíthiúil le haghaidh rialaithe salmanallóis i lachain agus in uibheacha lachan.

Nascadh *S. Typhimurium* DT104 le briseadh amach eile, inar éirigh roinnt daoine tinn tar éis dóibh bainne amh fabhtach a ól ar fheirm dhéiríochta. Cuireadh bearta rialaithe cuí i bhfeidhm ar an bhfeirm. Cuireann an briseadh amach seo béim ar an tábhacht a bhaineann le paistearadh a dhéanamh ar bhainne sula n-óltar é. Bhí sonraí coinníollacha maidir leis an cúig bhriseadh amach eile a bhain le bia in 2010 nasctha le *Campalabaictéar* spp. (1); noraivíreas (2); rótaivíreas agus noraivíreas (1); agus *Shigella sonnei* (1).

Eolaíocht



D'aithin an tÚdarás i gcónaí an tábhacht agus an luach a bhaineann leis an eolaíocht ó thaobh cláir um chosaint tomhaltóirí de. Is í an eolaíocht atá mar bhunús ag measúnaithe riosca óna ndíorthaítear beartais nó cinntí bainistíochta riosca. Ní hamháin go bhfuil ardleibhéal saineolais eolaíochta ag foireann an Údaráis ach tá ról thábhachtach ag a Choiste Eolaíoch agus a Fhochoistí i soláthar comhairle eolaíoch.

56

Cuireann struchtúr an Choiste Eolaíoch comhairle 56 eolaí ar fáil don Údarás.





Cuireann struchtúr an Choiste Eolaíoch comhairle 56 eolaí, a oibríonn go deonach, ar fáil don Údarás. Cuireann sé comhairle eolaíoch ar fáil don Bhord i dtrí réimse, is iad sin: ceisteanna eolaíocha agus teicniúla a bhaineann le sábháilteacht agus sláinteachas bia; cur i bhfeidhm agus riarachán na seirbhíse cigireachta bia; agus an luach cothaithe nó ábhar bia. I rith 2010, chuir an Coiste Eolaíoch tuarascálacha ar fáil maidir le breiseáin bhia; ionfhabhtú *Escherichia coli véaraicíteatocsaigineach* (VTEC); zónóisí in Éirinn; agus bia orgánach. Sealbhaíonn an Coiste Eolaíoch a oifig ar feadh tréimhse cúig bliana agus chríochnaigh an Coiste reatha a thréimhse ag deireadh 2010.

COThÚ AGUS SLÁINTE

Tá cothú agus sláinte go hard ar chlár an Údaráis. Le linn 2010, thacaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí le moltaí an Údaráis, a bhí bunaithe ar fhianaise, maidir le forbhia vitimín D do gach naíonán in Éirinn. Tá sé ina bheartas náisiúnta anois go dtabharfar forbhia laethúil de 5 µg de vitimín D do gach naíonán óna mbreith go dtí go bhfuil 12 mhí slánaithe acu, bíodh is gur beathú cíche nó beathú foirmle atá á fháil acu. Ba grúpa ildisciplíneach de pháirtithe leasmhara, a raibh an tÚdarás ar cheann acu, a d'fhorbair an beartas seo, agus leagann sé síos an bunús atá leis an bhforbhia a thabhairt agus an straitéis cumarsáide a theastaíonn. Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an beartas i bhfeidhm i rith na bliana trí fheachtas feasachta poiblí a dhírigh ar thuismitheoirí agus ar chúramóirí. Cabhróidh an beartas seo chun a chinntiú go bhfaigheann gach naíonán in Éirinn an cothú a theastaíonn chun fás agus forbairt cnámh sláintiúil a bhaint amach.

I rith na bliana, cuireadh tús leis an obair ar athbhreithniú ar na moltaí i leith na dtreoirilínte bhia shláintiúil in Éirinn. Foilseofar na moltaí seo in 2011.

Eolaíocht

AN CLÁR LAGHDAITHE SALAINN

Lean an tÚdarás ar aghaidh de réir a thiomantais chun an méid salainn a ionghabhann Éireannaigh a laghdú ó 10g in aghaidh an lae go 6g in aghaidh an lae roimh 2010, agus é sin a dhéanamh trí chomhpháirtíocht leanúnach le tionscail an bhia agus le heagraíochtaí Stát a bhfuil sé de thasc acu na teachtaireachtaí faoi shalann agus faoi shláinte a scaipeadh i measc na dtomhaltóirí. Tá sé ráite ag 58 cuideachta bia agus cumann ceirde go nglacfaidh siad páirt i gclár deonach an Údaráis chun salann a laghdú agus tá siad ag leanúint ag laghdú an leibhéil salainn i mbianna próiseáilte ar mhargadh na hÉireann. In 2010, áfach, d'fhógair an tÚdarás nach mbeadh na laghduithe seo leordhóthanach leo féin chun an meán-iontógaíl laethúil salainn ag daoine fásta in Éirinn a laghdú go sprioc 6 g in aghaidh an lae faoi dheireadh 2012. Spreagadh tomhaltóirí chun iarracht shuntasach a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh ar an méid salainn a chuireann siad lena gcuid bia agus iad ag cócaireacht agus ag ithe, má tá na spriocanna le baint amach. Cé go dtuigeann an Údarás go bhfuil an tionscal tar éis laghduithe suntasacha a dhéanamh ar leibhéal salainn i mbia próiseáilte, tá an timpeallacht eacnamaíoch in Éirinn sa bhliain 2010 tar éis a fhágáil go bhfuil a gcuid tosaíochtaí athraithe acu. Leanfaidh an tÚdarás ag oibriú leis an tionscal in 2011 chun a thiomantais foriomlán i leith laghdú salainn a láidriú.

TRICHINELLA I MUCA

In 2010, d'fhoilsigh an tÚdarás torthaí shuirbhé a rinneadh chun iniúchadh a dhéanamh ar a mhinice is a bhí *Trichinella* le fáil i muca a maraíodh i seamlais a raibh tréachur íseal iontu. Faigheann go leor de na seamlais seo muca ó chórais táirgthe muca fairsingíochta nó clóis. Dhírigh an Údarás ar an bhfo-dhaonra ard-riosca seo tríd an suirbhé a dhíriú ar sheamlais a raibh tréachur íseal iontu. Tógadh agus rinneadh anailís ar 10,247 sampla san iomlán i gcomhair *Trichinella* i 33 seamlas arna maoirsiú ag Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil. Thaispeáin torthaí an tsuirbhé nár bhfuarthas aon samplaí dearfacha *Trichinella* i bhfo-dhaonra na muc baile thar thréimhse 18 mhí. Is é an fo-dhaonra

sin is mó atá i mbaol teagmhála le hainmhithe agus le héin atá inmhíolaithe le *Trichinella*.

RANPHÁIRTÍOCHT EOLAÍOCHTA AR SHAINGHRÚPAÍ OIBRE

Ceann de na feidhmeanna atá ag an Údarás ná comhairle a thabhairt do Airí maidir le gnéithe teicniúla agus eolaíochta de na beartais agus rialacháin sábháilteachta bia. Déanann foireann an Údaráis ionadaíocht thar ceann na hÉireann ar roinnt sainghrúpaí oibre nó coistí rialála ag leibhéal idirnáisiúnta laistigh den Choimisiún Eorpach; an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt na hEorpa; an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte; an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta; agus Codex Alimentarius.

I gcásanna áirithe, tá an rannpháirtíocht ag tacú leis an Aonad Bia sa Roinn Sláinte agus Leanaí. Cuireann na cruinnithe seo ar chumas an Údaráis faisnéis chun dáta a bhailiú maidir le, agus cur le, forbairt rialacháin agus caighdeáin, chomh maith lenár n-oibleagáidí náisiúnta a chomhlíonadh.

TACAÍOCHT EOLAÍOCH DO RANNA RIALTAIS

Cuireann an tÚdarás ionchur rialta ar fáil d'obair na Roinne Sláinte agus Leanaí agus na Roinne Talmhaíochta, lascaigh agus Bia. Le linn 2010, bhí ionchur á fháil trí chomhairle maidir le dréacht-reachtaíocht; bainistiú comhairliúcháin phoiblí ar an reachtaíocht nó na beartais atá beartaithe; comhairle theicniúil maidir le ceisteanna atá os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; soláthar ábhar in ullmhú freagraí d'os cionn 20 ceist parlaiminte; agus comhairle eolaíoch maidir le ceisteanna éagsúla, mar shampla allmhairí bia, beartas i leith vitimín D, úsáid bainne amh agus treoirilínte ar bhia sláintiúil. Tá an tÚdarás ina bhall freisin den Choiste Comhardaithe um Phráinnfhreagairt mar chuid den Phlean Éigeandála Náisiúnta i leith Taisimí Núicléacha agus Comhlacht Saineolaithe Éireann um Fhluidirídí agus Sláinte, agus tá foireann oibre aige ar Choistí Eolaíochta *safe food*; an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú.

COMHOIBRÍÚ EOLAÍOCH LEIS AN ÚDARÁS EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT BHIA

Is é an tÚdarás ionadaí na Éireann ar Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia. Bíonn ionadaithe ag údaráis náisiúnta na 27 Ballstát ar an bhFóram Comhairleach agus is áit í inar féidir leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus na húdaráis náisiúnta comhoibriú le chéile agus inar féidir leis na húdaráis náisiúnta comhoibriú le chéile freisin. Tá sé ar chumas an Údaráis Eorpaigh agus na mBallstát comhoibriú le chéile i dteannta le tacaíocht an Fhóraim chun aghaidh a thabhairt ar mheasúnú riosca ar bhonn Eorpach agus déileáil le saincheistanna maidir le cumarsáid a dhéanamh faoi rioscaí. Tugann Comhaltaí an Fhóraim Chomhairligh chomhairle don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia faoi ábhair eolaíochta, faoina chlár oibre agus a thosaíochtaí agus faoi aghaidh a thabhairt a luaithe agus is féidir ar cheistanna a bhaineann le rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Ghlac baill foirne an Údaráis páirt i ngrúpaí oibre, ar fhóirne agus ar phainéil éagsúla de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia i rith 2010, agus bhí ionchur acu i réimsí tábhachtacha amhail modhanna tiomsaithe sonraí a chomhchuihbhíú faoi zónóis, faoi ábhair éillithe bia, agus faoi thomhailt agus aicmiú bia. Beidh tiomsú sonraí faoi theagmhais cheimiceacha agus forbairt bunachar cruinn sonraí faoi thomhailt bia mar bhunsraith faoi na measúnaithe rioscaí a dhéanfar ar fud an AE.


I measc na réimsí eile inar oibrigh an tÚdarás i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia i rith 2010, bhí seoladh isteach sonraí chun cabhrú leis measúnuithe riosca a chur i gcrích maidir le bia ina bhfuil fúráin; lasairmhoillitheach bróimínithe; aicriolaimíd; substaintí perfluara-aicililithe; agus alúmanam a bhfuil breiseáin ann.

10,247

Tógadh agus rinneadh anailís ar 10,247 sampla san iomlán i gcomhair *Trichinella* i 33 seamlas arna maoirsiú ag Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil.



Is galair agus ionfhabhtuithe iad zónóis ar féidir iad a tharchur ó ainmhithe veirteabracha go daoine agus ar féidir iad a tharchur trí theagmháil dhíreach le hainmhithe atá ionfhabhtaithe, fual agus faecas ainmhithe nó trí uisce agus bia truaillithe a chaitheamh. In 2010, d'fhoilsigh an tÚdarás *Report on Zoonoses in Ireland – Update for 2008*, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus leis an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte. Tugann an tuarascáil seo le chéile torthaí na mílte tástálacha a rinneadh ar shamplaí bia, beatha, agus ábhar de bhunús ainmhí nó daonna, mar iarracht chun patrún agus méid ionfhabhtuithe zónóis a dhearbhú.



Cumarsáid



Ceann de na príomhfheidhmeanna atá ag an Údarás ná comhairle a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara maidir le gach gné de shláinteachas agus de shábháilteacht bhia. Spreagann an tÚdarás tomhaltóirí chun dul i dteagmháil leis le haon cheisteanna sábháilteachta bia a bhíonn acu. Déantar an chumarsáide dé-bhealaigh seo a éascú trína Líne Chomhairle, a láithreán gréasáin agus a leabharlann. I rith 2010, d'fhorbair an tÚdarás leathanach Facebook agus cainéal YouTube chun cur ar a chumas dul i dteagmháil le níos mó daoine.

10,897

Láimhseáil Líne
Chomhairle an Údaráis
10,897 fiosrúchán san
iomlán



960,000

Bhí beagnach 960,000
amharc ar leith ar an
láithreán gréasáin,
méadú 11% ó 2009.





D'fhreastail an tÚdarás ar thaispeántas SHOP 2010 san RDS, rud a chur deis ar fáil do thionscal an bhia labhairt go díreach leis an Údarás agus faisnéis a fháil uaidh. I measc na ndaoine a d'fhreastail ar an imeacht bhí úinéirí, bainisteoirí agus foireann oibre ó na tionscail miondíola, bia agus dí. Láimhseáil foireann an Údaráis réimse leathan ceisteanna ón tionscal, cosúil le comhlíonadh AGPRC; riachtanais oiliúna sábháilteachta bia; tionscnamh gnó; lipéadú bia; agus ceanglais rialála do ghnólaicteáí bia.




SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE

Tá ról lárnach ag Líne Chomhairle an Údaráis, ag an láithreán gréasáin, ag an eislíon agus ag an Ionad Faisnéise ó thaobh an mhalartaithe faisnéise seo a éascú, agus an fhaisnéis is déanaí a sholáthar faoi réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht bhia.

In 2010, láimhseáil Líne Chomhairle an Údaráis 10,897 fiosrúchán san iomlán, méadú 15% ar an mbliain roimhe. Ba ó thionscal an bhia (a chuimsíonn lónadóirí, miondíoltóirí, déantúsóirí, dáileoirí srl) (49%) agus ó thomhaltóirí (25%) a tháinig formhór na bhfiosrúcháin.


An Cineál Glaoiteora ar an Líne Chomhairle, 2010



■ Lónadóir	30%
■ Tomhaltóir	25%
■ Déantúsóir/Próiseas nó	9%
■ Pearsanra Seirbhíse ar Conradh	8%
■ Miondíoltóir/Mórdíoltóir	4%
■ Dáileoir	4%
■ Eile	13%
■ Mac Léinn/Taighdeoir	3%
■ Comhairleoir	2%
■ Feirmeoir	2%

Cumarsáid

Tháinig an tÚdarás, i gcomhar le Teagasc, CÁIS (Cumann Lucht Déanta Cáise Feirme na hÉireann) agus an an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, leabhar oibre do lucht déanta cáise feirme. Tá sé d'aidhm ag an leabhar oibre tacú le lucht déanta cáise feirme a n-obleagáid dhlíthiúil córais bainistíochta sábháilteachta bia a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a chomhlíonadh. Tá seicliosta ann chun cur ar chumas táirgeoirí guaiseacha ón gcéim stórála, tríd síos go dtí go seoltar an cáis, a shainaithint agus a rialú. Soláthraíonn an tÚdarás cúnaimh leis na leabhair shaothair seo a chur i gcrích.




Cuireann litir démhíosúil an Údarás, *fsainews*, an nuacht is déanaí agus na nuashonruithe ar shábháilteacht bhia in Éirinn ar fáil. Déantar í a dháileadh ar lucht éisteachta/féachana leathan in Éirinn agus thar lear araon. Ba ionann an dáileadh postais don nuachtlitir ná thart ar 4,000 agus fuair os cionn 3,750 sintiúsóir an leagan ar líne den nuachtlitir trí ríomhphost le linn na bliana.



Ba iad na catagóirí fiosrúcháin ba choitianta ná iarratais ar eolas ginearálta agus ar fhoilseacháin (29%), agus bhí mór-éileamh ar *Safe Catering Pack* an Údarás i measc ghnóthaí bia. Ba í an chatagóir gearáin an dara cineál glaoch ba mhó a fuarthas (20%). Bhí formhór na dtomhaltóirí a chuaigh i dteagmháil leis an Líne Chomhairle ag tuairisciú fadhbanna le bia agus le hionaid bhia, mar shampla caighdeáin sláinteachais íseal, bia neamhoiriúnach agus nimhiú bia amhrasta. In 2009, thug an tÚdarás méadú 50% faoi deara ón mbliain roimhe sin in iarratais ar threoir maidir le conas gnó bia nua a bhunú; tháinig méadú 13% eile ar na hiarratais seo in 2010.

Cineál iarratais chuig an Líne Chomhairle, 2010



Iarratas ar Fhaisnéis	29%
Gearáin	20%
Tionscnamh Gnó	11%
Lipéadú	8%
Caighdeáin	5%
Gníomh ÚSBÉ	4%
Cothú	4%
Oiliúint	4%
Reachtaíocht	4%
Eile	6%
Cleachtas Intíre	2%
Allmhairí/Onnmhairí	2%
Breiseáin	1%

In 2010 bhí beagnach 960,000 amharc ar leith ar an láithreán gréasáin, méadú 11% ó 2009. Bhí 160,872 cuairteoir ar leith glan agus 1,307,821 radhairc leathanaigh taifeadta don bhliain. Thug daoine ó 200 tír cuairt ar an láithreán. Éireannaigh ab ea 70% díobh sin, ba dhaoine ón Ríocht Aontaithe iad 8% acu agus ba dhaoine ó SAM, ón bhFrainc agus ón nGearmáin ba mhó a bhí i gceist ina ndiaidh siúd. Ba iad na rannáin ba mhó tóir orthu ar an láithreán gréasáin ná foilseacháin agus acmhainní, reachtaíocht agus gnóthaí bia.

Chuir an méadú ar an éileamh ar mheáin shóisialta deis nua ar fáil don Údarás chun cumarsáid a dhéanamh lena pháirtithe leasmhara, agus mar sin, bhunaigh sé leathanach Facebook agus cainéal YouTube in 2010. Is iad cuspóirí an Údaráis ó thaobh tabhairt isteach na meáin shóisialta mar uirlisí cumarsáide nua ná: teacht ar lucht féachana níos leithne; idirghníomhú le agus ionchur a lorg ó pháirtithe leasmhara; a bheith forghníomhach; seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú; próifíl níos mó ar líne a thógáil; agus pobal a thógáil thart ar shábháilteacht bia.

Is uirlis chumarsáide idir an Údarás agus foireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla é an eislíon *Safety Net*. Bhí 15,476 cuairt an iomlán ar an láithreán i rith 2010, sin 1,290 in aghaidh na míosa ar an meán. Ba iad na rannáin ba mhó ráchairte ar an láithreán, gan an leathanach baile san áireamh ná teagmhálacha, nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha agus foilseacháin.

I rith 2010, lean leabharlann an Údaráis lena chnuasach leabhair, irisí agus bunachair sonraí ar líne a fhorbairt, agus cuireadh 172 teideal nua leis i rith na bliana, rud a thug cnuasach iomlán na míreanna aonair go dtí 7,117. Rinneadh uasghrádú ar an gcatálog leabharlainne ar líne i rith na bliana.

FOILSEACHÁIN

I measc na bhfoilseachán nua in 2010, atá ar fáil ar an láithreán gréasáin, bhí: treoir maidir le breiseáin bhia; tuarascáil ar ionfhabhtú *Escherichia coli véaraicíteatocsaigineach* (VTEC); tuarascáil maidir le zónóisí in Éirinn; treoir i leith dlí faoi bhia do tháirgeoirí cearda; faisnéis maidir le cothú agus éilimh sláinte; agus treoir maidir le bianna saor ó ghlútan. Foilsíodh sé eagrán den nuachtlitir, *fsainews*. Ba ionann an dáileadh postais don nuachtlitir agus thart ar 4,000 agus fuair os cionn 3,750 síntiúsóir an leagan ar líne den nuachtlitir trí ríomhphost. Chomh maith leis sin, i rith na bliana, d'fhoilsigh an tÚdarás a chéad *Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí 2010-2013*, a leagann síos raon aidhmeanna agus gníomhartha atá sé ag déanamh iarrachta a bhaint amach maidir lena sheirbhís do chustaiméirí, bunaithe ar an *12 Prionsabail Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí* atá in úsáid ag na ranna Rialtais. D'fhoilsigh sé *Cairt Chustaiméirí* freisin, a leagann

síos na tiomantais agus na caighdeáin seirbhíse gur féidir le custaiméirí a bheith ag súil leo ón Údarás.

CAIDREAMH LEIS NA MEÁIN

Sa bhliain 2010, sholáthair an tÚdarás 30 preaseisiúint do na meáin chumarsáide d'fhonn faisnéis faoi ábhair shábháilteachta bia a chraobhscaoileadh i measc thionscail an bhia. Déileáladh le 530 fiosrúchán i rith na bliana ó lucht na meán faoi réimse leathan ceisteanna a bhain le sábháilteacht bhia agus le cothú.

EORABHARAIMÉADAIR

In 2010, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a shuirbhé Eorabharaiméadair ar dhearccháin maidir le rioscaí a bhaineann le bia ina bhfuarthas amach go bhfuil sábháilteacht bia sa cheathrú háit (11%) ar chúl na géarchéime gheilleagrach (20%), truailliú an chomhshaoil (18%) agus tinneas tromchúiseach (12%) i measc na dtomhaltóirí ar fud an AE mar rioscaí féideartha ar dóigh leo go mbeidh tionchar pearsanta acu orthu. Tá dearcadh na nÉireannach i leith sábháilteacht bia níos dearfaí ná meán na hEorpa, agus ní deir ach 6% de thomhaltóirí anseo gur cúis imní dóibh atá i sábháilteacht bia. Ábhar spéise ar leith don Údarás ná an toradh go bhfuil níos mó muiníne ag tomhaltóirí na hÉireann i ngníomhaireachtaí sábháilteachta bia náisiúnta agus Eorpacha mar fhoinsí eolais faoi rioscaí bia, le leibhéal muiníne na hÉireann ag 77%, i gcomparáid le meán Eorpach de 64%. Ó liosta de 17 saincheist bhia, roghnaigh tomhaltóirí in Éirinn, (chomh maith leo sin sa Spáinn, sa Phortaingéil, sa Danmhairg, i Málta agus sna Stáit Bhaltacha) caighdeán agus úire an bhia mar an pointe is tábhachtaí dóibh.

OILIÚINT

Bealach tábhachtach chun teachtaireachtaí faoi shábháilteacht bhia a thabhairt do dhaoine í oiliúint agus chuir an tÚdarás oiliúint ar fáil in 2010 d'fhoirne gníomhaireachtaí oifigiúla agus do dhaoine atá ag obair i dtionscal an bhia. Bhí roinnt cúrsaí oiliúna ar siúl do fhoireann ghníomhaireachtaí oifigiúla i rith na bliana mar thoradh ar athruithe ar reachtaíocht i dtaca le héilimh sláinte agus cothaithe, agus forbhianna.

Cumarsáid

Leanadh ar aghaidh in 2010 leis na cláir oiliúna *Food Safety and You* agus *Food Safety Training for Management in the Chinese Food Sector*. Tá an dá chlár sin dírithe ar bhainisteoirí agus ar oiliúnóirí atá ag obair i dtionscal an bhia. Cuireadh ceardlanna oiliúna ar an *Safe Catering Pack* ar siúl i rith na bliana freisin.

Chuir an Údarás ceardlanna ar fáil do Sheirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil chun cabhrú le cur i bhfeidhm chlár iniúchta inmheánaigh; chomh maith le cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le lipéadú agus inrianaitheacht mairteola. Bhí ceardlanna ar siúl don fhoireann san Seirbhís Sláinte Comhshaoil, sna húdaráis áitiúla agus san Údarás um Chosaint lascaigh Mhara maidir le lipéadú bia. Cuireadh ceardlanna oiliúna ar fáil don tSeirbhís Sláinte Comhshaoil ar ghnéithe éagsúla de reachtaíocht bia, lena n-áirítear rialuithe allmhairithe agus oifigiúla, agus déileáil le truailliú *E. coli* agus sampláil bia.

Tá ionadaithe ag an Údarás ar Shainghrúpa an AE um Oiliúint níos Fearr agus Bia níos Sábháilte agus déanann sé comhordú ar rannpháirteachas fhoireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla sna cláir oiliúna a reachtálann an Coimisiún.

SEIMINEÁIR

Reáchtáil an tÚdarás roinnt seimineár faoi shábháilteacht bhia maidir le saincheisteanna nua nó tráthúla i gcaitheamh na bliana. Chlúdaigh na seimineáir éilimh sláinte i leith bianna agus forbhiana; breiseáin bhia; ábhair teagmhála bia; agus nanaitheicneolaíocht. D'fhreastail os cionn 150 saineolaí tionscal agus bia atá páirteach i gcur i bhfeidhm rialacháin maidir le héilimh cothaithe agus sláinte, ar sheimineár i mBealtaine a bhí á óstáil ag an Údarás chun an 40 éileamh cothaithe agus sláinte a cheadaigh an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia le húsáid san Aontas Eorpach a phlé. Rinne an Údarás óstáil ar sheimineár i leith úsáid agus ar rialú bhreiseáin bhia i Meán Fómhair, chun teacht le foilseachán dhoiciméad teorach maidir le breiseáin bhia. Thug cainteoirí faoi ar réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le breiseáin bhia, cosúil le measúnú agus údarú; clár monatóireachta an Údaráis; measúnuithe ar nochtadh daonna; agus ceanglais reachtacha.

Reáchtáladh seimineár maidir le húsáid nanaitheicneolaíocht i dtáirgeadh, próiseáil agus pacáistiú bia i mí na Samhna. Thug na cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta formhíniú maidir leis an eolaíocht a bhaineann le nana-ábhair agus úsáidí éagsúla eile, chomh maith leis na dúshláin a bhaineann do thaighdeoirí, rialtóirí agus lucht déanta beartais agus iad ag cinntiú go mbaintear úsáid as acmhainn iomlán an disciplín eolaíoch réasúnta nua seo, ar bhealach sábháilte.

D'fhreastail os cionn 100 ionadaí de chuid na dtionscal bia agus pacáistithe bia ar an seimineár faoi úsáid agus rialú ábhair teagmhála bia. Pléadh sonraí maidir le rialuithe nua sábháilteachta bia do sholáthróirí agus d'úsáideoirí pacáistiú bia a thabharfar isteach in 2011, i dteannta reachtaíochta agus treoirlínte reatha.

FÓRAIM AN TIONSCAIL

Creideann an tÚdarás gur chóir dó oibriú le gach páirtí leasmhar gur féidir leo tionchar dearfach a bheith acu ar an mbiashlabhra chun comhlíonadh dlí faoi bhia a bhaint amach. Is uirlisí tábhachtacha atá sa reachtaíocht agus sa bhforfheidhmiúchán, ach is annamh a bhaineann siad amach gach a dteastaíonn. Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh, feidhmíonn an tÚdarás roinnt scéimeanna trína dtéann sé i ngleic go héifeachtach le tionscal an bhia – dea-chleachtais maidir le sábháilteacht bhia agus cur chuige coiteann maidir le bia a tháirgeadh go sábháilte a chur chun cinn, agus an gá atá ann an reachtaíocht bhia a chomhlíonadh a chur in iúl. Leanann na ceithre fhóram tionscail arna gcruthú ag an Údarás orthu ag feidhmiú mar ardán d'earnálacha sonracha tionscail chun rochtain a fháil ar an Údarás agus chun ceisteanna maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia a chur ar aghaidh.

Comhaltaí d'Fhóram na dTáirgeoirí Bia Cearda

Tugann Fóram na dTáirgeoirí Bia Cearda grúpa ilchineálach de tháirgeoirí bia speisialtóra le chéile agus cuireann sé deis ar fáil dóibh chun saincheisteanna sábháilteachta bia maidir leis an earnáil bhia cheardaí a phlé leis an Údarás. Tagann an Fóram le chéile faoi dhó sa mbliain agus tá sé comhdhéanta de seacht mball déag, lena n-áirítear beachairí, lucht deataithe iasc, lucht déanta cáise,

báicéirí agus daoine eile, chomh maith le hionadaithe eagraíochtaí lárnacha amhail an Taste Council, LEADER agus Teagasc. In 2010, mhalartaigh an Fóram eolas maidir le tacaíocht nuálaíochta do ghnólachtaí bia ceardaithe; staitisticí breoiteachta bia-iompartha agus conas a bhainistítear iad in Éirinn; nuashonruithe maidir le briseadh amach; agus ábhar tacaíochta an Údaráis do cheardaithe amhail an leabhar oibre AGPRC do dhéantúsóirí cáis feirme. Lorgáíodh cabhair freisin le réimsí casta de rialáil sábháilteachta bia. Go sonrach, chuimsigh siad seo ceadú sheamlais soghluaiste chun cabhrú le táirgeadh feola ar an bhfeirm; treoirlinnte maidir le marú éanlaith ar scála beag; agus táirgeadh na bputóga dubh traidisiúnta as fuil úr.

Is feithicil atá sa bhFóram do na húdaráis agus na táirgeoirí chun a theacht ar chomhthuisicint ar ról a chéile i soláthar bhia d'ardchaighdeán atá sábháilte don tomhaltóir. Cruthaíonn sé líonra teagmhálacha a úsáidtear taobh amuigh de chruinnithe foirmiúla chun fadhbanna a thagann chun cinn san earnáil maidir le forfheidhmiú an dlí faoi bhia a réiteach. Ina theannta sin, cuireann an Fóram fóram deis ar fáil chun plé a dhéanamh ar mholtaí reachtacha nua agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar cheardaithe. Is acmhainn luachmhar atá ann do tháirgeoirí ceirde agus do na húdaráis, agus cabhraíonn sé le gach duine atá i gceist tabhairt faoi chosaint tomhaltóirí i dtaca le táirgeadh éagsúlacht an bia ceardaithe a éascú.

An Fóram Miondíola

Cuimsíonn an Fóram Miondíola baill ó na príomh-ollmhargaí agus ó na príomhghrúpaí siombaile. Tháinig an Fóram le chéile trí huairé in 2010. Ba é an príomhábhar a pléadh ná torthaí shuirbhé náisiúnta a d'fhoilsigh an tÚdarás ag tús na bliana, ina bhfuarthas amach sa suirbhé go raibh 13.2% de dhromchlaí seachtrach phacáistíocht tháirgí sícín úra a tógadh sampla díobh i siopaí miondíola agus 10.09% de dhromchlaí caibinéid taispeántais miondíola truaillithe le speiceas *Campalabaictéir*. Is í an phataigin seo an chúis is coitianta a bhíonn le gaistreintríteas baictéarach in Éirinn agus is minic a thruaillíonn sí feoil sícín. D'oibrigh baill an Fhórait lena soláthraithe chun feabhas a chur ar láidreacht a bpacáistiú sícín chun sceitheadh súnna a d'fhéadfadh a bheith truaillithe a sheachaint. Ina theannta



Ag cruinniú oscailte na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia pléadh an seasamh i bhfabhar agus i gcoinne na tairbhí a bhaineann le bia na hÉireann a cheannach. Taispeánadh i bhfaisnéis ag an gcruinniú go bhfuil tomhaltóirí ag éirigh antuisceanach ar phraghsanna de bharr na mbrúnna eacnamaíocha atá curtha ar thomhaltóirí, agus mar thoradh ar seo, tháinig laghdú 7.8% ar na treochtaí praghais le haghaidh bia agus laghdú 11.7% ar dheochanna neamh-mheisciúla in 2009. Le feiceáil ag an gcruinniú oscailte tá (ó chlé): An tUasal Jim Power, Love Irish Food; An tUasal Veronica Campbell, an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia; agus an tUasal Dermott Jewell, Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann.

30

D'eisigh an tÚdarás 30 preaseisiúint do na meáin d'fhonn faisnéis faoi sábháilteacht bhia a pháirtiú do thionscal an bhia.

530

Déileáladh le 530 fiosrúchán i rith na bliana ó lucht na meán faoi réimse leathan ceisteanna a bhain le sábháilteacht bhia agus le cothú.

Cumarsáid

sin, chuidigh siad leis an Údarás in aithint bearta deachleachtas chun an riosca sceite i rith stóras agus taispeáint a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Phléigh siad an tábhacht a bhaineann le bearta rialaithe ar feadh an bhiaslabhra éanlaith chlóis, ón bhfeirm go cistineacha tráchtála agus baile, freisin.

Feidhmíonn an Fóram mar mheicníocht úsáideach chun cur le tuiscint ar reachtaíocht bia agus chun comhairle sábháilteachta bia a scaipeadh. Mar shampla, i rith 2010 cuireadh baill ar an eolas maidir le *Treoirnóta Uimh. 10 maidir le Inrianaitheacht agus Aisghlaoch* athbheithnithe an Údaráis; rialacha margaióchta i ndáil le bainne foirmle do naíonáin; dea-chleachtas i ndáil le seilfré fhilléid sicín scaoilte a bhí pacáistithe i bpacáistí toirte sruthlaithe le gás; agus an briseadh amach *Salmonella Typhimurium* DT8 a bhí nasctha le huibheacha lachan.

An Fóram Seirbhíse Bia

Tagann baill an Fhórait ó gnóthaí lónadóireachta/seirbhíse bia agus ó na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu. Tháinig an Fóram le chéile faoi dhó in 2010 agus ba é an príomhfhócas a bhí aige ná sábháilteacht agus cothú bia i ndáil le sláinte. Tugadh eolas chun dáta maidir le Clár um Laghdú Salainn deonach an Údaráis agus pléadh obair ullmhúcháin an Údaráis maidir le bunú clár comhchosúil chun saill sháithithe a laghdú.

Chuir an Údarás béim ar thuarascáil eolaíoch an Údaráis Eorpach um Shábháilteacht Bia maidir leis an méid a chuireann feoil sicín le cásanna daonna campalabaictéaróis agus ar a thuarascáil staidéar bonnlíne a d'aithin ardleibhéal truaillithe i sicíní na hÉireann. Thug an tÚdarás faoi deara an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtas sláinteachais nuair atá feoil sicín á láimhseáil agus á réiteach. Ina theannta sin, aithníodh gur riosca atá sa chleachtas traidisiúnta éin iomlána, nó aon chirceoil, a níochán, os rud é gur dócha go dtruailleofar an doirteal agus dromchlaí in aice láimhe dá bharr.

I measc na saincheistanna eile a pléadh i rith na bliana bhí: na dúshlána a bhaineann le teocht a chothú i gcaibinéid taispeántais cuisniúcháin; treoir maidir le bearta rialaithe i rith briseadh amach noraivíris; an

baol méadaithe mhicribhitheolaíoch a bhaineann le soláthairtí uisce príobháideacha le linn tréimhsí báistí trom; agus treoir maidir le pacáistiú folúis bia.

Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach

Tá an tÚdarás ina chathaoirleach ar an gCoiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach. Is é seo an coiste náisiúnta do pháirtithe leasmhara maidir le moileasc débhlascach a tháirgeadh agus iad a chur ar an margadh. Tá ionadaithe ó na gníomhaireachtaí oifigiúla, Bord lascaigh Mhara, tionscal agus grúpaí eile de pháirtithe leasmhara rannpháirteach ar an gCoiste. Tháinig an Coiste le chéile cúig huairé i rith 2010. Bhí an Coiste gafa le treoir atá ar fáil don tionscal sliogiasc a thabhairt chun dáta; mapáil agus bainistiú a dhéanamh ar limistéir táirgthe sliogiasc débhlascach beo; athbheithniú ar an obair arna dhéanamh ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia maidir le sliogiasc; agus réiteach i gcomhair athruithe molta ar thástáil sliogiasc arna phleanáil don bhliain 2011. Maidir le guaiseacha ar leithligh, dhéileáil an Coiste le ceistanna a bhaineann le biotocsainí, víris, micribhitheolaíocht agus inrianaitheacht.

AN CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH UM SHÁBHÁILTEACHT BHIA

Bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia faoin Acht um an Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus is ceann de phríomheilimintí de struchtúr an Údaráis í. Ceapann an tÚdarás leath de na comhaltaí agus ceapann an tAire Sláinte agus Leanaí an leath eile. Sealbhaíonn an Chomhairle a oifig ar feadh tréimhse cúig bliana agus chríochnaigh an Chomhairle reatha a tréimhse ag deireadh 2010.

Tá an Chomhairle comhdhéanta de 23 comhalta ó chúraí an-éagsúil lena n-áirítear próiseáil bia, lónadóireacht, fioncheannaithe, deimhniú cáilíochta, oideachas agus taighde. Is é príomhchuspóir na Comhairle ná a chur ar chumas an Údaráis a dhualgas a chomhlíonadh chun comhairliúchán forleathan a dhéanamh maidir lena ghníomhaíochtaí. Déantar nithe a tharchur chuig an gComhairle le go ndéanfar breithniú orthu, ach féadann sí aird an Údaráis a tharraingt ar cheistanna freisin.

Bhí cúig chruinniú ar siúl in 2010, le ceann amháin ar siúl i bhfóram oscailte ar an téama “Ar chóir do Bhia na hÉireann a bheith Éireannach?” Chuir an cruinniú deis ar fáil chun na buntáistí agus na míbhuntáistí atá ann do thomhaltóirí a cheannaíonn bia arna tháirgeadh in Éirinn a phlé. Ag a chruinnithe eile, phléigh an Chomhairle saincheisteanna eile lena n-áirítear iontógáil salainn; nósanna agus iompar thomhaltóirí; bia ainmhithe; agus aspairtíim.

COMHOIBRÍÚ LE HEAGRAÍOCHTAÍ EILE

In 2010, lean an tÚdarás ar aghaidh lena chomhoibriú le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeán Bia. Dá réir sin, síníodh Meabhrán Tuisceana chun comhoibriú díreach a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe trasteorainn agus maidir le bainistiú teagmhais bhia. I gcomhar le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeán Bia, cuireadh obair i gcrích i rith na bliana maidir le comhlíonadh cheanglais inrianaitheachta Rialachán 178/2002 ó oibreoirí gnó bia.

Lean leis an gcomhoibriú idir ghníomhaireachtaí in 2010, agus síníodh comhaontuithe comhoibrithe leis an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte agus le Teagasc. Tá foireann an Údaráis ina gcomhaltaí de Choiste Comhairleach Eolaíochta de chuid *safefood*. Chomh maith leis sin le linn 2010, aontaíodh dréacht-chomhaontú ar chomhoibriú idir-ghníomhaireachta i gcás géarchéime bia i bprionsabal leis an Roinn Sláinte agus Leanaí; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Lárionad Faire um Chosaint; an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia; an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch; na húdaráis áitiúla; agus leis an Údarás um Chosaint lascaigh Mhara.

Tá an tÚdarás ina rannpháirtí gníomhach ar roinnt coistí eile, a bhfuil sé de chuspóir acu caighdeán in earnáil an bhia a ardú agus a chothú. I measc na gcoistí seo tá an méid seo a leanas: Coiste Teicniúil agus Reachtaíochta Food and Drink Industry Ireland; Food Law Enforcement Practitioners; Chartered Quality Institute; National Hygiene Partnership; National Heart Alliance; Bord Bia; Global Trust Certification; Coimisiún Craolacháin na hÉireann; agus an tionscnamh Healthy Eating for All. In 2010, chuir an Údarás le leasú ar an gCaighdeán Éireannach maidir le Screamhúisce

Pacáistithe (i mBuidéil) de chuid an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann: I.R. 432:2010.

Chomh maith lena chomhoibriú eolaíoch leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, glacann an tÚdarás páirt sa Ghrúpa Oibre Cumarsáide den Fhóram Comhairleach. Bíonn an Grúpa Oibre seo ag obair le ranna cumarsáide na ngníomhaireachtaí sábháilteachta bia náisiúnta le cur chuige a chur le chéile i leith rioscaí sa bhiashlabhra a chur in iúl, atá bunaithe ar chomhoibriú agus ar eolas feabhsaithe, agus le cinntiú go mbíonn na teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht bhia comhsheasmhach ar fud an Chomhphobail. I rith na bliana 2010, rinneadh dréachtú ar threoirlínte maidir le rioscaí a chur in iúl agus táthar ag súil go bhfoilseofar iad seo in 2011. Feidhmíonn an tÚdarás mar Lárphointe náisiúnta freisin, chun éascú a dhéanamh ar chomhoibriú agus ar chomhroinnt faisnéise idir an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus gach gníomhaireacht sábháilteachta bia san Aontas Eorpach. I rith 2010, lean leis an gcomhoibriú sin don tríú bliain, le bailiú agus roinnt eolas agus sonraí eolaíochta i measc na Ballstáit agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. Leanadh leis an obair ar líonadh Bunachar Sonraí Saineolaithe an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia i rith na bliana agus sheol saeolaithe eolaíochta Éireannach 63 iarratas san iomlán isteach roimh dheireadh 2010.

Os rud é go bhfuil an tÚdarás réasúnta nua fós mar ghníomhaireacht sábháilteachta bia náisiúnta, aonair, chomh maith le méid na heagraíochta, tá suim leanúnach á léiriú ina chuid oibre agus ina aschur ó thar lear. Tá cuairteanna rialta tugtha ar an Údarás ag comhghleacaithe a thagann ó taobh istigh agus taobh amuigh den Aontas Eorpach, go háirithe, tíortha gur mian leo teacht isteach san Aontas Eorpach. In 2010, tháinig toscaireachtaí ón Bhoisnia agus an Heirseagaivéin; ón Mhacadóin; ón tSín agus ó Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha. Ina theannta sin, in 2010, shínigh an tÚdarás Meabhrán Tuisceana le hÚdarás Rialaithe Bia Abú Daibí a chruthóidh naisc níos láidre idir an dá ghníomhaireacht.

Bainistíocht Chorparáideach



Imríonn feidhmeanna corparáideacha an Údaráis príomhról maidir le héifeachtúlacht na gcóras agus na bpróiseas atá riachtanach le haghaidh sheachadadh éifeachtach sheirbhísí an Údaráis chuig na páirtithe leasmhara uile a éascú a chinntiú, agus ardleibhéal rialachais chorparáidigh a fhorbairt agus a choinneáil ag an am céanna.



Cé gurb é príomhfheidhm an Údaráis sláinte agus leasanna tomhaltóirí a chosaint, ní féidir leis é seo a dhéanamh mura bhfuil an eagraíocht dírithe mar is cuí agus mura ndéantar na príomhacmhainní atá ar fáil di, is é sin an feidhmeannach agus an fhoireann, a úsáid go héifeachtúil. De bharr an lánchoisc ar earcú na seirbhíse poiblí, atá curtha i bhfeidhm ó bhí mí an Mhárta 2009 ann, tá laghdú tagtha ar líon na mball foirne. Dá bharr sin, ba é príomhfhócas in 2010 ná a chinntiú go ndearnadh na hacmhainní a bhí ar fáil a oiriúnú ar an dóigh is fearr le riachtanais na heagraíochta, d'fhonn seirbhísí a sheachadadh chomh éifeachtúil agus chomh éifeachtach agus is féidir.

I gcomhoibriú leis an mBord, leanann an tÚdarás samhail rialachais chorparáidigh a thagann leis an *gCód Cleachtais leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009*. Cuireadh tús in 2010 le hobair ar chreat rialachais chorparáidigh, le cuidiú a thabhairt le feabhas a chur ar éifeachtacht agus oscailteacht agus trédhearcacht a neartú. Soláthraítear treoir mhionsonraithe ann don eagraíocht, a chlúdaíonn cúrsaí amhail gnó an Bhoird a stiúradh, pleanáil straitéiseach, próisis oibriúcháin, bainistíocht riosca, rialú airgeadais agus caighdeán iompraíochta. Táthar ag súil go bhfoilseofar an creat in 2011.

Tá Coiste Iniúchta Inmheánaigh ann le hathbheithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chórais rialaithe an Údaráis, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus bainistíocht riosca. Le linn 2010, ceapadh iniúchóir seachtrach agus díriodh ar rialú inmheánach airgeadais sa chlár iniúchta. Tá bainistíocht, Bord agus iniúchóirí seachtracha an Údaráis, sásta leis an dóigh ar tugadh aghaidh ar gach ceist.

Bainistíocht Chorparáideach

Tá rannchuidiú agus tiomantas na foirne lárnach d'fheidhmíocht an Údaráis. Tá córas bunaithe um fhorbairt agus bainistíocht feidhmíochta i bhfeidhm agus tá baint ghníomhach ag gach ball foirne leis an bpróiseas seo.



Bhí seimineár ag an Údarás ar éilimh shláinte ar bhia agus ar fhorbhianna. Bhí an t-imeacht, ar ar fhreastail os cionn 150 tionscal agus saineolaí bia, dírithe ar na rialacha agus coinníollacha casta maidir leis an méid a mhaítear ó thaobh na sláinte de ar bhia agus ar fhorbhianna a mhíniú. Dhírigh an seimineár ar chothú agus maíomh sláinte ó pheirspictíocht thionscal an bhia, rialaitheoirí agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia de. Tionóladh ceardlann chomh maith ar na riachtanais dhlíthiúla le haghaidh forbhianna, agus an Nóta Treorach nua-leasaithe 21: Rialacháin agus Fógraí um Fhorbhianna. Le feiceáil ag an seimineár tá (ó chlé): An Dr Judith Bryans, an Grúpa Oibre um Chothú Chumann Déiríochta na hEorpa; an tOllamh Alan Reilly, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; agus an Dr Mary Flynn, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Tá feidhm éifeachtúil airgeadais ann le cinntiú go ndéantar na caighdeáin cuntasáíochta is airde a chomhlíonadh agus go bhfuil córais éifeachtacha bainistíochta airgeadais i bhfeidhm. Rinne an tÚdarás cinnte de freisin gur cuireadh bearta buiséadta na Roinne Airgeadais i bhfeidhm, i dtéarmaí tuarastail agus laghduithe eile ar chaiteachas.

Leanadh den Chlár Sócmhainní Seasta a chothabháil agus a bhainistiú in 2010. Tugtar mionsonraí ar na sócmhainní uile atá ag an Údarás agus cumasaíonn sé tuairiscí a dhéanamh ar dhímheas, dhiúscairt agus bhreisiúcháin na sócmhainní uile atá riachtanach le haghaidh iniúcháirí agus le haghaidh na ráitis airgeadais a dhéanamh.

Tá córais teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide fós rithábhachtach maidir le cur ar chumas an Údaráis faisnéis agus córais a bhainistiú d'fhonn seachadadh seirbhísí a éascú. Le linn 2010, rinneadh líonra achar stórála úr a choimisiúnú agus a shuiteáil. Cuirfidh an líonra ar chumas an Údaráis fás agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar an líonra TF corparáideach, chun an t-éileamh air sna blianta amach romhainn a shásamh. Bhí slándáil TF agus cosaint an líonra fós mar thosaíocht i rith na bliana. Cuireadh córas scagtha agus frithvíreas Gréasáin i bhfeidhm le dul i ngleic le bagairtí seachtracha agus víris sheachtracha idirlín. Uasghrádaíodh bonnagar bhalla dóiteáin an Údaráis chomh maith leis na caighdeáin tionscail is airde a chomhlíonadh.

Cuireann foirm fógra úr ar líne um fhorbhianna ar chumas an tionscail an tÚdarás a chur ar an eolas faoi fhorbhianna a chuirtear ar mhargadh na hÉireann den chéad uair. Déanann bogearraí intleacht ghnó anailís ar na sonraí agus déanann sé na táirgí a chatagóiriú mar fhorbia; nuabhia; bia le haghaidh úsáid chothaitheach faoi leith; agus/ nó cógas. Cumasaíonn na bogearraí seo giniúint uathoibríoch litreacha oifigiúla chuig an tionscal chomh maith agus soláthraíonn sé acmhainn eile le haghaidh taighde agus forfheidhmiúcháin.

Tá rannchuidiú agus tiomantas na foirne lárnach d'fheidhmíocht an Údaráis. Tá córas bunaithe um fhorbairt agus bainistíocht feidhmíochta i bhfeidhm agus tá baint ghníomhach ag gach ball foirne leis an bpróiseas seo. Cuireadh tús le clár oiliúna agus forbartha cuimsitheach agus cuireadh i bhfeidhm é le linn na bliana, agus is é an cuspóir atá leis nó a chinntiú go bhfuil na hinniúlachtaí agus scileanna riachtanacha agus an t-eolas riachtanach ag an bhfoireann leis na riachtanais eagraíochta agus forbartha pearsanta eile a chomhlíonadh. Lena chois sin, éascaíodh roinnt den fhoireann maidir le cúrsaí acadúla eile a dhéanamh tríd an scéim um fhoghlaim agus fhorbairt. Rinneadh athbhreithniú ar chóras bainistíochta feidhmíochta an Údaráis in 2010 agus cuirfear próiseas breisithe i bhfeidhm le haghaidh 2011 amach.

Téitear i gcomhairle leis na gCoiste Comhpháirtíochta, a chuimsíonn foireann ag gach leibhéal ar fud an Údaráis, i dtaobh a lán ceisteanna eagraíochta, lena n-áirítear beartais acmhainní daonna a fhorbairt. Le linn 2010, rinneadh an inlíne a uasghrádú agus is féidir rochtain a fháil ar na beartais agus an fhaisnéis uile a bhaineann leis an bhfoireann go furasta. Cuireadh córas úr pinsean i bhfeidhm le cuidiú le bainistíocht agus riarachán scéim pinsean an Údaráis agus eisíodh ráitis sochair aonair chuig an bhfoireann le linn na bliana. Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán do riachtanais na reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ábhartha a chomhlíonadh. Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm, agus bhuailead siad le chéile go rialta le linn 2010 agus rinne siad ráitis, beartais agus nósanna imeachta sábháilteachta an Údaráis atá i bhfeidhm a athbhreithniú agus a nuashonrú d'fhonn sláinte agus sábháilteacht gach ball foirne agus gach cuairteora a chinntiú. Cuireadh roinnt tionscnamh agus oiliúint ar fheasacht sábháilteachta i bhfeidhm le haghaidh foireann ábhartha le linn na bliana.

Foilsíodh *Plean Seirbhíse Cuimsitheach in 2010* a thugann mionsonraí ar na cláir oibre beartaithe don bliain. Rinneadh athbhreithniú air i lár na bliana agus ag deireadh na bliana. Tá pleanáil, bainistíocht feidhmíochta agus athbhreithniú ina gcuid lárnach den Údarás, atá tacaithe ag córas bainistíochta cáilíochta, bunaithe ar an gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 9001:2008. Déantar iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha araon ar an gcóras seo gach bliain. Rinne an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann iniúchadh athchláráithe ar an Údarás i rith na bliana 2010, agus chloígh sé leis an gcaighdeán cáilíochta bainistíochta.

Leanann an tÚdarás ar aghaidh ag comhlíonadh a chuid dualgas maidir le freagra a thabhairt ar iarratais um Shaoráil Faisnéise agus ar cheisteanna parlaiminte. Le linn 2010, fuair an tÚdarás cúig iarratas um Shaoráil Faisnéise. Tháinig dhá cheann de na hiarratais ó bhaill an phobail, dhá cheann ó iriseoirí agus ceann amháin ó atur nae ag gníomhú thar ceann cuideachta. I measc na n-ábhar bhí: dé-ocsainí i mbia ainmhithe; sábháilteacht i dtáirgí bia; Orduithe Forfheidhmiúcháin; agus táillí chomhaltaí an Bhoird. Aistarraingíodh ceann amháin den chúig iarratas. Cuireadh dhá cheist parlaiminte is fiche ó ionadaithe polaitiúla éagsúla faoi bhráid an Údaráis in 2010. I measc na gceisteanna a fuarthas bhí ceisteanna a bhain le socrúithe airgeadais nó soláthar foirne; lipéadú; inrianaitheacht; táirgí bia ionradaithe; feasacht ar anaifíolacsas; iniúchtaí; agus forfheidhmiúchán reachtaíochta ar shábháilteacht bhia.

Gníomhaireachtaí Oifigiúla

a raibh Comhaontuithe Seirbhíse ag an Údarás leo in 2010

Tá an tÚdarás freagrach as reachtaíocht bia in Éirinn a fhorfheidhmiú, agus comhlíonann sé an fheidhm fhorfheidhmithe sin trí chonarthaí seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla. Foráiltear an bunús reachtúil dó sin in Alt 48 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Sna conarthaí a ceapadh idir an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí oifigiúla, leagadh amach leibhéal agus caighdeán na gníomhaíochta i leith sábháilteachta bhia a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí, mar ghníomhairí don Údarás. Tháinig an tsraith reatha conarthaí i bhfeidhm ón mbliain 2006 nó níos déanaí, agus mairfidh siad ar feadh tréimhse trí bliana ar a laghad. D'fhéadfaí iad a athbhreithniú aon uair ar iarratas ó cheachtar páirtí.

Ina theannta sin, tá meabhrán tuisceana sínithe ag an Údarás le heagraíochtaí éagsúla eile in Éirinn, chun comhoibriú agus malartú faisnéise maidir le sábháilteacht bhia a éascú. Is é atá i gconradh seirbhíse ná comhaontú dlíthiúil chun reachtaíocht i leith sábháilteachta bhia a fhorfheidhmiú. Ar an lámh eile, sa mheabhrán tuisceana leagtar amach creat le haghaidh comhoibríthe idir eagraíochtaí ina gcuid gníomhaíochtaí maidir le sábháilteacht bhia.

GNÍOMHAIREACHTAÍ OIFIGIÚLA A RAIBH CONARTHAÍ SEIRBHÍSE AG AN ÚDARÁS LEO IN 2010




EAGRAÍOCHTAÍ IN ÉIRINN A bhFUIL MEABHRÁN TUISCEANA SÍNITHE AG AN ÚDARÁS LEO IN 2010



Struchtúr Bainistíochta

Amhail an 31 Nollaig 2010



Comhaltaí an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2010



1. AN tUASAL EAMONN RYAN (CATHAOIRLEACH)

Bhí an tUasal Eamonn Ryan ina Stiúrtóir Feidhmiúcháin ar Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann sular ceapadh é mar Chathaoirleach ar an Údarás i Márta 2007. Bhí sé i mbun oibre le linn na ndéich mbliana fichead inar tháinig claochlú ar eacnamaíocht na hÉireann, agus bhí ról lárnach aige i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm straitéise le haghaidh an fháis thar cuimse a tháinig ar an eacnamaíocht sin. Bhí saol oibre fada agus céimíúil ag an Uasal Ryan in earnáil phoiblí na hÉireann agus tá eolas forleathan agus an-taithí aige ar chúrsaí gnó sa bhaile agus i gcéin. Bhí sé ina Stiúrtóir Feidhmiúcháin Idirnáisiúnta ar oibríocháin dhomhanda Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann i Nua-Eabhrac, áit ar mheall an bhainistíocht faoina cheannaireacht mórchuid infheistíochta díri coigríche ó SAM, ón Eoraip agus ó thíortha na hÁise ar bhruacha an Aigéin Chiúin, agus rinneadh infheistíocht den chineál ab úrscothaí ó thaobh na teicneolaíochta de. Céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é an tUasal Ryan agus rinne sé breis staidéir in Ollscoil Columbia agus in Carnegie Mellon. D'fhreastail an tUasal Ryan ar shé chruinniú de chuid Bhord an Údaráis in 2010.

2. AN tOLLAMH JOHN DANIEL COLLINS

Is Ollamh Emeritus le Staidéir Chliniciúla ar Ainmhithe Feirme sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é an tOllamh John Daniel Collins, M.V.B., M.V.M., M.S. (Calif.), Ph.D., M.R.C.V.S. Tá sé ina Chomhalta Oinigh den Choláiste Eorpach um Shláinte Phoiblí Thréidliachta agus ina Chomhalta Oinigh d'Institiúid na hÉireann um Eolaíocht agus Theicneolaíocht an Bhia. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an Ionad Sábháilteachta Bia agus ina Stiúrtóir ar Ionad Eipidéimeolaíochta Tréidliachta agus Anailís Riosca sa Choláiste Ollscoile, Baile

Átha Cliath roimhe seo. Tá an tOllamh Collins ina bhall de Choiste Eolaíoch an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia agus ina Chathaoirleach ar Phainéal Eolaíoch um Ghuaiseacha Bitheolaíochta an Choiste. Tá sé ina chomhalta de Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. D'fhreastail an tOllamh Collins ar chúig chruinniú de chuid Bhord an Údaráis in 2010.

3. AN tUASAL TOM COLLINS

Bhíodh an tUasal Tom Collins, M. Agr. Sc., ina Phríomh-Oifigeach Talmhaíochta le Teagasc i gCo. Uíbh Fhailí. Bhain sé cáilíocht amach ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath in 1971 agus chuaigh sé ag obair leis an tSeirbhís Chomhairleach Talmhaíochta i gContae na Mí. D'éirigh leis céim Máistreacht um Fhairsingíú Talmhaíochta a bhaint amach in 1978, i gclár maoinithe ag Fondúireacht Kellogg. Ceapadh é ina Leas-Phríomhoifigeach Talmhaíochta i gContae gCiarráí agus i 1988 ghlac sé an post i gContae Uíbh Fhailí. Tá spéis faoi leith aige i gclár oiliúna faoi shábháilteacht bhia agus faoi dhearbhu cáilíochta le haghaidh táirgeoirí tosaigh. Tacaíonn sé go láidir le scéim náisiúnta dearbhairte cáilíochta do bhia na hÉireann. D'fhreastail an tUasal Collins ar chúig chruinniú de chuid Bhord an Údaráis in 2010.

4. AN tUASAL EAMONN CORCORAN

Agus é ina iar-státseirbhíseach, tosaigh an tUasal Corcoran sé a ghairm bheatha sa Roinn Saothair mar a bhíodh ann i 1977. Ina dhiaidh sin, bhí sé ina Oifigeach um Chaidreamh Tionsclaíoch i Seirbhís Idir-réitigh na Cúirte Oibreachais. Chuaigh sé isteach sa Roinn Sláinte agus Leanáí i 1990 agus d'oibrigh sé i roinnt réimsí – lena n-áirítear Rannóg na Sláinte Poiblí ag an am (a raibh sábháilteacht bhia mar chúram ann). Bhí an tUasal Corcoran ina cheannaire ar Aonad Bia na Roinne ó mhí Mheán Fómhair 2002 go dtí mí an

Mhárta 2008. I rith na tréimhse céanna, bhí sé ina cheannaire ar an Aonad um Rialú Tobac agus bhí baint aige leis an gcosc ar chaitheamh tobac sa láthair oibre a thabhairt isteach go rathúil i mí an Mhárta 2004. Bhí sí ina chomhalta den Bhord sa Chlárlann Náisiúnta Ailse agus san Institiúid um Shláinte Phoiblí roimhe seo. D'fhreastail an tUasal Corcoran ar shé chruinniú de chuid Bhord an Údaráis in 2010.

5. AN tOLLAMH CHARLES DALY

